



Tionscnamh Rialtais Áitiúil iad na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide, a mhaoiníonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar sheirbhís chomhroinnte d'Údaráis Áitiúla

Tuarascáil Bhliantúil

2024



Oifigí Réigiúnach um
Gníomhú ar son na hAeráide
Rialtas Áitiúil

Climate Action
Regional Offices
Local Government



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Ráiteas Misin

Is é misean na nOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide an rialtas áitiúil a chomhordú agus tacú leis chun athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a stiúradh ar fud ár gcathracha agus ár gcontaetha.



Table of Contents

Brollach	6
Buaicphointí CARO in 2024:	7
Achoimre Feidhmiúcháin	8
1 Eolas faoi CARO	10
Eolas faoi CARO	12
2 An Clár Oibre Bliantúil	14
Clár Oibre CARO	15
An Clár Oibre:	15
Cuspóir Thuarascáil Bhliantúil 2024	17
Struchtúr na Tuarascála	17
3 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí	18
Cás-Staidéar 1 Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide	19
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	20
Léargas Ginearálta	20
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	21
Éachtaí	21
Bacainní	22
Cás-Staidéar 2 Anailís ar Ghníomhartha CAPanna ÚÁ: Bunachar Sonraí agus Tuarascálacha	23
4 Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ)	24
Cás-Staidéar 3 Dul i nGleic le Réchasadh Innill an Fhlít ar mhaithe le hAer Níos Glaine	26
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	26
Léargas Ginearálta	26
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	26
Éachtaí	27
Bacainní	30
Cás-Staidéar 4 Criosanna Dícharbónaithe (DZanna) a Chur i bhFeidhm	31
5 Oiriúnú	32
Cás-Staidéar 5 Oiriúnú Aeráide Tránna agus Dumhcha	33
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	34
Léargas Ginearálta	34
Éachtaí	34
Cás-Staidéar 6 Imeacht Náisiúnta Tránna agus Dumhcha – Teachnt Aniar an Chósta a Neartú	36
Bacainní	38
Cás-Staidéar 7 Creimeadh Cósta: (A-AAGORA) Tionscadal Creimthe Cósta Fhís Eorpach	39
6 Maolú	40
Cás-Staidéar 8 Aonaid Fuinnimh Réigiúnaigh E&M	41
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	42
Léargas Ginearálta	42
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	42
Éachtaí	43
Cás-staidéar 9 Dícharbónú an Fhlít – Flít an Údaráis Áitiúil a Athshamhlú	44
Bacainní	45
7 Oiliúint agus Oideachas	46
Cás-Staidéar 10 Clár agus Soláthar Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024	47
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	49

Léargas Ginearálta	49
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	49
Éachtaí	50
Bacainní	50
Cás-Staidéar 11 An Plean Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2027	51
Cás-Staidéar 12 Imeacht Oiliúna d’Fhoireann Aeráide an ÚÁ i Réigiún ASBN CARO	52
8 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach	53
Cás-Staidéar 13 Clár na gCumann Glas CLG	54
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	55
Léargas Ginearálta	55
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	55
Éachtaí	55
Cás-Staidéar 14 Acmhainní Cumarsáide d’Údaráis Áitiúla chun Cás-Staidéir a Chur chun Cinn	58
Bacainní	60
Cás-Staidéar 15 Minority Report – Uirlis Dhigiteach do Theacht Aniar Aeráide	61
9 Forbairt Eolais	62
Cás-Staidéar 16 Misean an AE do 100 Cathair Neodrach ó Thaobh na hAeráide de agus Chliste	63
Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí	64
Léargas Ginearálta	64
Léargas Ginearálta ar Chaiteachas an Tionscadail	64
Éachtaí	64
Bacainní	65
Cás-Staidéar 17 Tionscadal Píolótach na nDíonta Glasa	66
Aguisíní	67
Aguisín 1 Clár Oibre CARO 2024	68
Aguisín 2: Giorrúcháin	80
Aguisín 3: Tuarascálacha, doiciméid, agus físeáin a dtagraítear dóibh i dTuarascáil Bhliantúil CARO 2024	81
Tuarascálacha agus Doiciméid	81
Físeáin	82
Suíomhanna Gréasáin a dtagraítear dóibh sa Tuarascáil	82
Aguisín 4: Íomhánna sa Tuarascáil	83

Tábla na bhFíoracha agus na dTáblaí

Fíor 1: Sracfhéachaint ar CARO	11
Tábla 1: Achoimre ar Airgeadas Réigiúnach CARO in 2024	12
Fíor 2: Struchtúr Réigiúnach CARO	13
Fíor 3: Na seacht bPacáiste Oibre i gClár Oibre Bliantúil CARO	15
Fíor 4: Próifíl Mheasúnaithe SDGanna Chlár Oibre 2024	16
Fíor 5: Struchtúr Rialachais CARO	20
Fíor 6: Léarscáil de na 41 Crios Dícharbónaithe go léir	28
Fíor 7: Miondealú ar Ghníomhartha an LACAP	29
Fíor 8: Clár Eolais Aip Mhóibíleach WIRE	38
Fíor 9: Oiliúint a Soláthraíodh in 2024	48

Brollach


Tá gliondar croí orainn ár dTuarascáil Bhliantúil 2024 do na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide (CARO) a chur i láthair. Bunaíodh muid chun an inniúlacht agus an saineolas riachtanach a thabhairt le chéile chun cuidiú le hoiriúnú aeráide i dtosach, agus le gníomhú ar son na haeráide i measc Údaráis Áitiúla anois, agus iad a chomhordú. Chuir ár dtacaíocht in 2024 ar chumas na 31 Údarás Áitiúil go léir cur i bhfeidhm a bPleananna um Gníomhú ar son na hAeráide a sheoladh agus a thosú. Cuireadh imeacht an-rathúil oiliúna agus líonraithe náisiúnta ar siúl in 2024 chomh maith in Inis ar fhreastail Aire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair na linne sin, Eamon Ryan, air.

Déantar athbhreithniú cuimsitheach sa Tuarascáil seo ar dhul chun cinn a rinneadh i measc sheacht gcolún an tsoláthair. Tugtar chun solais inti príomhéachtaí, aithnítear bacainní, agus léirítear san iomaí cás-staidéar éifeachtacht na dtionscnamh éagsúil. Bhí na CAROanna an-réamhghníomhach in 2024 ó thaobh freagairt aeráide na hÉireann a mhúnlú agus tá siad lánbalta dul i ngleic le dúshlán inbhuanaitheachta amach anseo. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann in CARO agus leis na Foirne Aeráide i ngach Údarás Áitiúil as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don obair a dhéanann siad ar mhaithe le Gníomhú ar son na hAeráide in Éirinn.

John Condon

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO ASBN

John Condon



Louis Duffy

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO ASBS

Louis Duffy



Derek Kelly

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO DM

Derek Kelly



Patricia Reidy

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO DM

Patricia Reidy



Marian Higgins

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO E&M

Marian Higgins



Buaicphointí CARO in 2024



4,110

Áiteanna Oiliúna a Soláthraíodh



31

Pleananna ÚÁ um Gníomhú ar son na hAeráide a Glacadh



3,919

Gníomhartha CAP ÚÁ go Náisiúnta



10

Tuarascálacha Páirtithe Leasmhara CAP ÚÁ a Scríobhadh



21

Tionscadail CARO a Soláthraíodh



4

Foilseacháin CARO



24

Tuarascálacha Earnála CAP ÚÁ a scríobhadh



3

Iarratais Rathúla ar Mhaoiniú

Achoimre Feidhmiúcháin

Is é ról CARO tacú le hÚdaráis Áitiúla beartais aeráide agus athrú iompraíochta a sholáthar laistigh d'Údaráis Áitiúla (ÚÁanna) agus a chur ar chumas saoránach agus na fiontraíochta an gá atá le gníomhú ar son na haeráide a chothú.

Daingnítear uailmhian aeráide na hÉireann atá ina ceangal dlí chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 lena dtacaíonn sraith pleananna um ghníomhú ar son na haeráide bliantúla náisiúnta. Díreoidh seo Éire ar threocht i leith aeráid atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi dheireadh 2050.

Tá Údaráis Áitiúla eile ar thús cadhnaíochta an ghníomhaithe ar son na haeráide in Éirinn. Glacann siad le ról tábhachtach i dtaobh bearta oiriúnaithe agus maolaithe a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail.

Tá Comhaontú seirbhíse (SLA) idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (as a ndearnadh an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil go luath in 2025) agus gach Príomhúdarás Réigiúnach i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé bliana ó 2023 go 2029. Cuirtear maoiniú ar fáil faoin gcomhaontú seo do gach ceann de na ceithre Údarás Áitiúla, (Comhairlí Contae Chorcaí, Cathrach Bhaile Átha Cliath, Contae Chill Dara agus Contae Mhaigh Eo), chun gníomhú mar an Príomhúdarás dá Réigiún. Mar chúiteamh air sin, tá ar gach Príomhúdarás Oifig Réigiúnach CARO a choimeád, a chinntiú go bhfuil rialuithe agus rialachas ceart airgeadais i bhfeidhm, na gníomhartha a leagtar amach sa Chlár Oibre Bliantúil a fhorbairt, tacú le hÚdaráis Áitiúla ó thaobh a bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus a gCriosanna Dícharbónaithe a chur i bhfeidhm agus Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú ar dhul chun cinn a rinneadh sa bhliain roimhe sin.

Tá mar aidhm ag an tuarascáil seo na príomhéachtaí agus na bacainní a tháinig aníos le linn na bliana a leagan amach, anuas ar Chás-Staidéir a chur ar fáil leis an dul chun cinn a rinneadh a thaispeáint. Cheadaigh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach an Clár Oibre Bliantúil don bhliain 2024 in Eanáir. Eagraítear é ina sheacht bPacáiste Oibre, a bhfuil a ngníomhartha agus foghníomhartha féin ag gach ceann ina dtaispeántar conas a sholáthrófar an clár i gcaitheamh na bliana. Rinneadh an tuarascáil a mheas freisin in aghaidh na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus cuirtear an phróifíl mheasúnaithe SDGanna san áireamh.

Pacáiste Oibre 1: relates to Governance and Partnerships. Key achievements under this Work Package include the establishment of a Strategic Advisory Group (SAG), progressing the review of the Climate Charter, and continuing to engage with the KPI Working Group.

Pacáiste Oibre 2: baineann sé seo le tacú leis na Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ba é an príomhéacht in 2024 gur ceadaíodh gach ceann de na 31 CAP ÚÁ agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm anois. Éascaíodh é seo le tacaíocht agus treoir na CAROanna. Aithníodh 41 Crios Dícharbónaithe chomh maith lena n-úsáid mar bhinsí tástála nó suíomhanna taispeána lena dheimhniú cad is féidir a bhaint amach ó thaobh dícharbónú ar leibhéal áitiúil agus pobail chun gur féidir é sin a thabhairt isteach. Thug CARO faoi anailís iomlán freisin ar gach ceann de na 3,919 gníomh sna 31 CAP ÚÁ. Tá CARO ag tacú freisin le Cathair Bhaile Átha Cliath mar chuid de chlár Mhisean an AE: Cathracha Aeráidneodracha Cliste.

Pacáiste Oibre 3: baineann sé seo le hOiriúnú. I measc na bpríomh-bhuaicphointí faoin mír seo tá, tacú le tionscadail cosúil le Tionscadal Taispeántóra Tí Solais atá dírithe ar réitigh innealtóireachta boige d'athléimneacht chósta, Tionscadal AA-Agora Horizon, comhoibriú le comhpháirtithe AE, MaREI, le réitigh dhúlrbhunaithe a fhorbairt ar chreimeadh cósta, an Tionscadal Meantóireachta agus Oiliúna Pobail d'Aistriú Cóir (EMERGE) a chuireann ar chumas pobal sa cheantar Lár Tíre a mbealach a dhéanamh i rith Aistriú na hÉireann go geilleagar aeráid-díonach agus sochaí athléimneach agus an Tionscadal Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha i gcomhpháirtíocht le Ná Fág Aon Lorg, Éireann, Ollscoil na Gaillimhe (UG), agus MSLETB, agus leis an tionscadal Minority Report, a bhfuil uirlis dhigiteach don oiriúnú á forbairt acu. I measc na dtionscnamh eile faoin bPacáiste Oibre seo, bhí Oiriúnú Aeráide a thabhairt chun cinn do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus an Aip WIRE.

Pacáiste Oibre 4: baineann sé seo le Maolú. I measc na bpríomhéachtaí faoin bPacáiste Oibre seo, bhí dícharbónú an Fhlít ÚÁ a thabhairt chun cinn, an straitéis luchtaithe feithiclí leictreacha, agus obair leis an SEAI agus le gníomhaireachtaí fuinnimh réigiúnacha, aonaid fuinnimh agus biúronna fuinnimh chun Clár Pathfinder a thabhairt chun cinn chun foirgnimh faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil a dhícharbónú.

Pacáiste Oibre 5: baineann sé seo le hOideachas agus Oiliúint. Éacht mór a baineadh amach faoin bPacáiste Oibre seo a bhí sa Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide (2020–2023) a chur i gcrích inar cuireadh oiliúint ar bhreis agus 23,000 rannpháirtí agus inar síníodh Comhaontú Seirbhíse faoina maoiníofar an plean oiliúna ilbhliantúil nua 2024 go 2027. Buaicphointe eile faoin bPacáiste Oibre a bhí san imeacht oiliúna agus líonraithe a cuireadh ar siúl don fhoireann Aeráide Údaráis Áitiúil in Inis in Aibreán.

Pacáiste Oibre 6: baineann sé seo le Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach. I measc na n-éachtaí faoin bPacáiste seo bhí Clár na gCumann Glas CLG, Gníomhú ar son na hAeráide aoisbháúil a thabhairt chun cinn, rannpháirtíocht i Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath, freastal ar Sheó Chumann Talmhaíochta na Mumhan i gCorcaigh, agus obair ar shuíomh gréasáin CARO.

Pacáiste Oibre 7: baineann sé seo le Forbairt Eolais. I measc na n-éachtaí faoin bPacáiste seo bhí idirchaidreamh le Cúnant na Méaraí, agus leis an Misean an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus ag obair go dlúth le hollscoileanna ar thionscadail eile.

Ar an bpríomhbhacainn ar dhul chun cinn in 2024 bhí an tréachur agus na bearnaí in earcaíocht foirne i gcás fhorhmór Oifigí Réigiúnacha CARO a chuir srian ar sholáthar iomlán an Chláir Oibre. Bhí maoiniú tionscadal ina fhadhb freisin, agus éireoidh seo níos feiceálaí de réir mar a líonfar folúntais foirne mar gheall go bhfuil suim faoi leith ar fáil san SLA don fhoireann agus do thionscadail araon.

Déantar caitheamh a achoimriú ag deireadh gach Pacáiste Oibre ach cuirtear in iúl nach mbaineann seo ach le caitheamh ar thionscadail agus nach gcuirtear costais foirne agus forchostais san áireamh ann.

Cuirtear go leor cás-staidéar ar fáil ar fud na tuarascála a léireoidh an obair a baineadh amach. Ar an iomlán, in ainneoin na mbacainní, ba bhliain rathúil 2024 do na CAROanna.

1| Eolas faoi CARO





Na CAROanna – Gníomhú rialtais áitiúil ar son na haeráide a chomhordú agus tacú leis chun bunathrú agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a stiúradh ar fud ár gcathracha agus ár gcontaetha.

TACAÍOCHT

Tá ról ríthábhachtach ag na CAROanna i dtacú le hÚdaráis Áitiúla i gcur i bhfeidhm beartais náisiúnta athraithe aeráide ar leibhéal áitiúil.




OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA CARO

Tá ceithre oifig réigiúnacha CARO ann, is iad sin:

- Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh
- Bord Farraige an Atlantaigh Theas
- An tOirthear agus Lár Tíre
- Cathair Bhaile Átha Cliath

Dírítear sa chur chuige réigiúnach ar rioscaí sonracha aeráide, a dhéanann príomhghníomhaithe de na CAROanna in aistriú na hÉireann chuig toadhcháí ísealcharbóin.



TREOIR

Cuireann na CAROanna treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun dul i ngleic go héifeachtach le hathrú aeráide ar fud na hÉireann.



COMHOIBRIÚ AGUS COMHORDÚ

Glacann na CAROanna le príomhról i ngr ngrúpaí éagsúla a aontú chun dul i ngleic le hathrú aer áide: Roinneann siad eolas agus cabhraíonn siad le hÚdardarais Áitiúla obair as lámha a chéile.



RÓL STRAITÉISEACH

Díríonn na CAROanna ar thosaíochtaí móra aeráide trí dhúshláin aeráide trasearnála a aithint agus dul i ngleic leo, comhoibriú a neartú idir Údarais Áitiúla agus an Rialtas agus tacú leis an Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 a chur i bhfeidhm.



CUR I bhFEIDHM

Tacaíonn na CAROanna le hÚdarais Áitiúla i gcur i bhfeidhm a bPleananna um Gníomhú ar son na hAeráide agus a gCriosanna Dícharbónaithe.



Fíor 1: Sracfhéachaint ar CARO

Eolas faoi CARO

Bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) in 2018 chun tacú leis na dúshlán mhóra a chuireann athrú aeráide roimh Údaráis Áitiúla in Éirinn. Cuireann na CAROanna treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil do na 31 Údarás Áitiúil go léir chun cumas, aimsiú agus acmhainní na hearnála a ghíaráil chun dul i ngleic go héifeachtach le hathrú aeráide. Trí Údaráis Áitiúla, páirtithe leasmhara, agus pobail áitiúla a thabhairt le chéile, déanann na CAROanna beartais níos éasca lena gcur i bhfeidhm agus cabhraíonn siad le réitigh thionchair a scálú. Díritear ina gcur chuige réigiúnach ar rioscaí sonracha aeráide, a dhéanann príomhghníomhaithe díobh in aistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.

Fuarthas leithdháileadh iomlán €12 milliún chun tacú leis na CAROanna don tréimhse 2023-2029 faoi Chomhaontú Seirbhíse a síníodh in 2023 leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Bhí baint lárnach ag an tacaíocht agus an maoiniú seo i mbunú, forbairt, agus rath leanúnach na CAROanna. Tacaíonn na CAROanna le hÚdaráis Áitiúla chun a spriocanna aeráide a bhaint amach trí dhul i ngleic go héifeachtach le dúshlán an athraithe aeráide agus cur le haistear na hÉireann i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

Cuireann na CAROanna roinnt eolais, smaointe agus faisnéise agus forbairt chomhoibríoch gníomhartha ar scála idir Údaráis Áitiúla chun cinn freisin.

Achoimre ar airgeadas na CAROanna don bhliain 2024

Airgeadas CARO in 2024					
	CARO ASBN	CARO E&M	CARO ASBS	CARO DM	Buiséad Iomlán
Dáileadh Buiséid	€495,000	€515,000	€495,000	€495,000	€2,000,000
Éilimh 1 agus 2	€300,595.63	€396,027.33	€475,692.31	€296,965.91	€1,469,281.18

Tábla 1: Achoimre ar Airgeadas Réigiúnach CARO in 2024

Tá ceithre oifig réigiúnacha CARO ann, is iad sin:

- **Cathair Bhaile Átha Cliath**
- **Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh**
- **Bord Farraige an Atlantaigh Theas**
- **An tOirthear agus Lár Tíre**

Tá díriú faoi leith i ngach ceann de na CAROanna Réigiúnacha agus forbraítear moil eolais iontu bunaithe ar a saintréithe tíreolaíochta, a leochaileacht agus na comhrioscaí aeráide atá ina leith ar fud na limistéar Údaráis Áitiúil ina réigiún. Tá gach réigiún á stiúradh ag Comhordaitheoir Réigiúnach, lena dtacaíonn foireann idir triúr agus ceathrar foirne teicniúla agus riaracháin. Mar gheall ar athrúchán foirne, folúntais, agus moilleanna ar earcaíocht, áfach, níor oibríodh formhór na n-oifigí réigiúnacha CARO agus líon iomlán foirne acu. Taispeántar próifíl gach réigiúin agus a sainmhol eolais lastall.

Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh (ASBN)

Próifíl Réigiúnach

Údarás Áitiúla: Maigh Eo, Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, Sligeach, Dún na nGall

Daonra: 613,292


Achar: 18,433 km²


Fad an Imeallbhoird: 2,702 km

Oileáin Amach ón gCósta ar a gCónaítear: 18 (Daonra: 2,239)

Forbairt Moil Eolais

 Tuile Cósta

 Stoirmeacha

 Tuile Screamhuisce

 Tuile Bháistíúil

Cathair Bhaile Átha Cliath (DM)

Próifíl Réigiúnach

Údarás Áitiúla sa

Réigiún: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall

Daonra: 1,347,359

Achar: 926 km²

Fad an Imeallbhoird: 95 Km

Forbairt Moil Eolais




Tuile Bháistíúil Uirbeach



Reo Uirbeach



Tonnta Teasa Uirbeacha



Bord Farraige an Atlantaigh Theas (ASBS)

Próifíl Réigiúnach

Údarás Áitiúla: An Clár, Cathair agus Contae Luimnigh, Ciarraí, Cathair agus Contae Chorcaí

Daonra: 1,004,300

Achar: 18,518 km²

Fad an Imeallbhoird: 2,263 km

Oileáin Amach ón gCósta ar a gCónaítear: 7 (Daonra: 495)

Forbairt Moil Eolais



Ardú ar Leibhéal na Farra



Tuile Cósta



Stoirmeacha



Tuile Screamhuisce



Tuile Bháistíúil

An tOirthear agus Lár Tíre (E&M)

Próifíl Réigiúnach

Údarás Áitiúla: Ceatharlach, an Cabhán, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Liatroim, an Longfort, Lú, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Tiobraid Árann, Port Láirge, an Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin

Daonra: 1,796,923

Achar: 32,394 km²

Fad an Imeallbhoird: 611 km

Forbairt Moil Eolais



Tuile Bháistíúil



Tuile Bháistíúil



Tuile Screamhuisce

Fíor 2: Struchtúr Réigiúnach na CAROanna

2| An Clár Oibre Bliantúil



Clár Oibre CARO

Cabhraíonn na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) le clár aeráide na hÉireann a chur chun cinn. Forbraíonn gach ceann de na ceithre oifig réigiúnacha Clár Oibre Bliantúil gach bliain, faoin gComhaontú Seirbhíse agus le hionchur ó:

- Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA).
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC).
- An Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG).
- Grúpa Bainistíochta CARO (CMG).

An Clár Oibre:

- Tugtar cuntas ann seo ar phríomhghníomhartha chun beartais aeráide a fheabhsú.
- Tacaítear ann seo le hÚdaráis Áitiúla ina n-iarrachtaí aeráide.
- Forbraítear comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais.
- Spreagtar tionscnaimh aeráide áitiúla.

Ceadaíonn an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG) an Clár Oibre gach bliain lena chinntiú go dtagann sé le spriocanna aeráide náisiúnta agus réigiúnacha. Déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn trí:

- Cruinnithe ráithiúla an CMG.
- Cruinnithe débhlantúla ginearálta an SIG.

Eagraítear an Clár Oibre ina sheacht bPacáiste Oibre, a bhfuil a ngníomhartha agus foghníomhartha féin ag gach ceann ina dtaispeántar conas a sholáthrófar an clár i gcaitheamh na bliana. (Féach Fíor 3 agus Agusín 1 chun teacht ar shonraí).

Fíor 3: Na seacht bPacáiste Oibre i gClár Oibre Bliantúil na CAROanna



Comhpháirtíocht Rialachais

Comhordú a neartú i measc Údarás áitiúil



Pleanáil Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cabhrú le ÚÁanna straitéisí aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm straitéisí



Oiriúnú

Pobail a ullmhú do rioscaí aeráide, ar nós drochaimsire



Maolú

Astaíochtaí a laghdú agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn



Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Múscailt feasachta agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh le páirt an ghlacadh



Oideachas agus Oiliúint


Forbairt eolais aeráide ar fud ÚÁanna agus pobal



Forbairt Eolais

Taighde dea-chleachtais a roinnt chun gníomhú aeráide a fheabhsú

Rinneadh Clár Oibre Bliantúil na CAROanna a mheas in aghaidh na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus spriocanna gaolmhara. Léirítear an próifíl mheasúnaithe SDGanna i bhFíor 4 thíos.



Fíor 4: Próifíl Mheasúnaithe SDGanna Chlár Oibre 2024

Cuspóir Thuarascáil Bhliantúil 2024

Is é cuspóir na tuarascála seo dul chun cinn na CAROanna in 2024 a thaispeáint i measc na seacht bPacáiste Oibre go léir trí phríomhéachtaí a thabhairt chun solais, dúshlán a aithint agus samplaí de thionscadail rathúla a roinnt.

Struchtúr na Tuarascála

Eagraítear an tuarascáil de réir na seacht bPacáiste Oibre. Díritear ann ar gach ceann de na Pacáistí Oibre leo féin, agus aithnítear na príomhaidhmeanna agus na tosaíochtaí, tugtar léargas ginearálta ar an bPacáiste Oibre, an méid a baineadh amach, agus na bacainní a tháinig aníos le linn na bliana. Taispeánfar sna cás-staidéir faoi gach Pacáiste Oibre na tionscadail a rinneadh agus an clár á sholáthar. Cuirtear tábla achomair ar fáil ag deireadh gach Pacáiste Oibre ar an gcaitheamh ar thionscadail i measc na CAROanna go léir don Phacáiste Oibre sin.



Seoladh Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2024-2029 ag Stáisiún Dóiteáin Chrois Mhaoilíona, an chéad fhoirgneamh poiblí a bhain rátáil A amach atá nuathógtha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

3| Rialachas agus Comhpháirtíochtaí



Pacáiste Oibre 1 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Cás-Staidéar 1 KPlanna um Gníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil



Background

Tá ról ag Grúpa Oibre KPI um Gníomhú an Rialtais Áitiúil ar son na hAeráide chun táscairí a athbhreithniú gach bliain lena mbailíocht agus a mbaint a dheimhniú i gcomhthéacs beartais aeráide agus réasúnaíocht a sholáthar d'aon athrú nó KPlanna breise um gníomhú ar son na haeráide, próiseas a roghnaithe san áireamh, ar a ndéanfaidh Coiste um Gníomhú ar son na hAeráide CCMA breithniú. Is é CARO an Oirthir agus Lár Tíre ceannasaí tionscadail an ghrúpa oibre.

Tá príomhról glactha ó 2020 ag Grúpa Oibre KPlanna um Gníomhú ar son na hAeráide an Rialtais Áitiúil i dtaobh gníomhú ar son na haeráide i measc Údaráis Áitiúla a rianú, a thomhas agus a thuairisciú. Tagann na táscairí sin leis [an Straitéis Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030](#) agus le maoirseacht ar fud na hearnála trí idirchaidreamh leis an gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC).

An Gníomh a Rinneadh

1. D'fhoilsigh an grúpa oibre a dara [Tuarascáil KPlanna um Gníomhú ar son na hAeráide 2023](#), bhliantúil, ina dtugtar sonraí faoi dhul chun cinn i measc ceithre phríomhthéama:
 - Gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú isteach i rialachas.
 - Maolú trí bhearta laghdaithe astaíochtaí.
 - Straitéisí oiriúnaithe chun athléimneacht a fheabhsú.
 - Athrú iompraíochta agus forbairt acmhainní inmheánach.
2. Chun ullmhú do thimthriall tuairiscithe 2025, cheadaigh Coiste Comhshaoil, Aeráide, agus Geilleagair Chiorclaigh (ECCE) CCMA dhá KPI nua.
 - Cur i bhfeidhm Phleananna Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide a rianú.
 - Dul chun Cinn ar an gClár um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide a mheasúnú.

Torthaí

Cuireann na KPlanna seo creat soiléir ar fáil do chuntasacht, a chinntíonn gur féidir le hÚdaráis Áitiúla dul chun cinn a rianú agus straitéisí a chuíchóiriú. Leanann an grúpa oibre le maoirseacht a dhéanamh ar bhailiú agus tuairisciú sonraí, a neartaíonn rialachas um gníomhú ar son na haeráide don e arnail.


3 | Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Cloí le struchtúir rialachais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chinntiú.
- Tacaíocht a sholáthar do CCMA chun an straitéis *Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030* a chur i bhfeidhm, saincheisteanna ina measc cosúil le struchtúir áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a bhunú, acmhainní breise a earcú etc.
- Caidreamh h a chothú leis na Tionóil Réigiúnacha trí na grúpaí stiúrtha réigiúnacha.
- Caidreamh a chothú le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DECC, SEAI, EPA, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann, Gníomhaireachtaí Fuinnimh, OPW, etc.
- Leanúint ag tacú le Ú Áanna chun an Chairt um Gníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.
- Saincheisteanna rialachais eile a d'fhéadfadh CCMA agus/nó an DECC a iarraidh trí choistí agus cainéil ábhartha.

Léargas Ginearálta

Taispeántar struchtúr rialachais CARO i bhFíor 5. Is é an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG) an príomhchomhlacht cinnteoireachta maidir leis na CAROanna, ag a bhfuil an phríomhfheidhm soláthar an Chláir Oibre Bhliantúil a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh air. Déanann Grúpa Bainistíochta CARO (CMG) maoirseacht ar ghníomhaíochtaí, oibríonn sé go dlúth le húdaráis áitiúla, agus stiúran sé forbairt agus soláthar oibríochtúil an Chláir Oibre Bhliantúil. Ina dteannta, is é croíról an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh príomhstraitéisí, príomhbheartais agus príomhchláir um ghníomhú ar son na haeráide a chuíchóiriú, a sholáthar agus tús áite a thabhairt dóibh ar aon dul leis an reachtaíocht, beartais agus treoir náisiúnta. Is éard atá i gcoirbhallaíocht an CMG na Stiúrthóirí Seirbhísí agus Comhordaitheoirí CARO ó Udarás Ceannais gach Réigiúin agus foireann shinsearach ón DECC.



Fíor 5: Struchtúr Rialachais na CAROanna

Cuirtear leis seo struchtúr rialachais láidir ar fáil ar leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil, a chinntíonn comhordú agus ailíniú láidir le príomhpháirtithe leasmhara i dtionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Trí chaidreamh láidir a chothú le CCMA agus an DECC agus tacú le Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide (2025) agus le straitéis earnála an Údaráis Áitiúil “Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030”, glacann CARO le ról ríthábhachtach i rannpháirtíocht ar fud na hearnála a chur chun cinn. De bhreis air sin, bhí páirt lárnach ag comhoibriú dlúth a chothú leis na Tionóil Réigiúnacha agus le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DECC, an SEAI, an EPA, Oifigí Dramhaíola Réigiúnacha agus an OPW i dtaobh rialachas aeráide a thabhairt chun cinn. Éascaítear le cruinnithe ráithiúla Ghrúpa Bainistíochta CARO monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn leanúnach, agus cuirtear ardán ar fáil i gcrúinnithe débhlíantúla an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach chun straitéisí a chuíchóiriú agus oiriúnú do dhúshlán atá ag teacht chun cinn.

Thosaigh an DECC athbhreithniú i ráithe 2 2024 ar na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tacú leis na CAROanna seirbhís éifeachtach a sholáthar. Chuir an DECC tairiscintí amach do shainchomhairleoirí chun tabhairt faoin athbhreithniú. Ghlac na CAROanna páirt san athbhreithniú seo agus sholáthair siad beirt ionadaithe i ngrúpa stiúrtha an tionscadail a tionóladh chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas. I measc na rannpháirtíochta glacadh páirt i gceardlanna agus rinneadh suirbhé a chuir Foireann CARO agus an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil ar bun.

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

Caitheamh ar príomhthionscadail faoi WP 1 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: €9,443.08

Éachtaí

Rialachas CARO a Neartú

Ceadaíodh Clár Oibre CARO go foirmiúil ag cruinniú an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG) in Eanáir. Tionóladh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach (SAG) nuabhunaithe i Márta den chéad uair, inar tugadh príomh-chomhpháirtithe le chéile, an DECC, Met Éireann, an EPA, agus an OPW ina measc. Chas an dá ghrúpa (SIG agus SAG) faoi dhó in 2024 agus neartaigh siad comhordú na CAROanna ar fud na hearnála, agus tionscnaimh athléimneachta aeráide, go suntasach.

Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) um Ghníomhú ar son na hAeráide

Leanann CARO de rianú agus tuairisciú córasach ar dhul chun cinn um ghníomhú ar son na haeráide a stiúradh trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) earnála, agus cuntasacht ar fud na nÚdarás Áitiúil á cothú. Tosaíodh bailiú sonraí 2023 go luath i Márta. Rinne an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN) torthaí a athbhreithniú agus a cheadú i Meitheamh. Tá an tuarascáil ar KPlanna 2023, a foilsíodh i Lúnasa, ar fáil anois ar shuíomh gréasáin an LGMA, áit a gcuirtear léargas luachmhar ar fáil ar iarrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide rialtais áitiúil. Tosaíodh ullmhúcháin don chéad timthriall eile de thuairisciú ar bhailiú sonraí 2024 i Ráithe 4 2024 do bhailiú sonraí Ráithe 1 2025 ar 10 KPI.

An Chairt Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide a Thabhairt chun Cinn

Rinne CARO dul chun cinn suntasach i dtaobh an Chairt Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide a athbhreithniú trí cheardlann a chur ar siúl i mBealtaine le príomhpháirtithe leasmhara, an DECC, AILG, an EPA, CCAC, an SEAI, an LGMA, Climate Ireland, agus Tionóil Réigiúnacha ina measc. Chuir ASBS CARO torthaí na ceardlainne agus na bpáirtithe ábhartha le chéile agus chuir siad dréacht faoi bhráid CATCEN lena mheas i nDeireadh Fómhair. Táthar ag súil le dul chun cinn breise ar an gcairt go luath in 2025.

Tuarascáil ar an bPlean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide agus ar Dhul chun Cinn 2024

Chuir CARO leis an bPlean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2024 (CAP24) a fhorbairt a cheadaigh an Rialtas i mBealtaine. Is é is cuspóir don Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide treochlár gníomhartha a leagan amach a fhágfaidh go gcomhlíonfaidh Éire ar deireadh an cuspóir náisiúnta aeráide maidir leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

Bacainní

Earcaíocht – Dúshláin agus Tionchar

In ainneoin earcaíocht leanúnach in 2024, tá dúshláin mhóra á gcruthú ag ganntanais soláthair foirne do CARO. Mar sin féin, d'éirigh le CARO leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh agus príomhghnéithe cláir a sholáthar in ainneoin na heaspa foireann iomlán a bheith i bhformhór na réigiún. Caithfear dul i ngleic go práinneach le ceist ghaolmhar an athrúcháin foirne, le héifeachtacht fhadtéarmach a chinntiú agus le leanúint de thionscnaimh aeráide ardtionchair a chur ar bun. Cé gur léirigh CARO teacht aniar i dtaobh garspriocanna ríthábhachtacha um gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, níl an cás inbhuanaithe san fhadtéarma.




CARO National Networking Event, Clare

Pacáiste Oibre 1 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Cás-Staidéar 2

Anailís ar Gníomhartha CAP an ÚÁ: Bunachar Sonraí



Cúlra

Glacadh le 31 LA CAP Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide i Ráithe 1 2024. Ceann de na príomhthascanna a aithníodh ná gach ceann de na gníomhartha seo a chatagóiriú le tuairisciú a cheadú i measc na nÚdarás Áitiúil trí chéile agus de réir earnála agus ag príomhpháirtithe leasmhara. Dheimhneodh seo limistéir a dtugtar tús áite dóibh, chuirfeadh sé comhordú chun cinn i gcur i bhfeidhm, agus chuirfeadh sé bonn eolais faoi rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Rinne **CARO ASBS** an tionscadal a stiúradh agus d'fhorbair **CARO E&M** córas bunachair daingean chun gníomhartha a mheasúnú agus a rangú go córasach.

An Gníomh a Rinneadh

- Forbraíodh bunachar sonraí cuimsitheach le critéir mheasúnaithe agus catagóiriú bunaithe do thuairisciú.
- Chuir an fhoireann ó gach ceann de na ceithre CARO eolas isteach sa bhunachar sonraí ó na ÚÁanna ina Réigiún.
- Rinneadh 3,919 gníomh a chatagóiriú, a mheas agus a anailísiú, ar an iomlán.
- Cruthaíodh tuarascálacha páirtithe leasmhara do phríomhchomhlachtaí, cosúil le LAWPRO agus an OPW.
- Cruthaíodh tuarascálacha earnála ar limistéir théamacha cosúil le cáilíocht an uisce.
- Cuireadh na tuarascálacha uile in airde ar shuíomh gréasáin CARO go mbeadh an pobal agus páirtithe leasmhara ábalta teacht orthu..

Torthaí

Chuir an cleachtadh seo ar chumas na bpáirtithe leasmhara go léir anailís a dhéanamh ar fhairsinge na ngníomhartha ar son na haeráide, a rinne idirdhealú idir oiriúnú, maolú agus comhghníomhartha. Sholáthair sé léargas lena chois sin ar an gcosúlacht idir pleananna um gníomhú ar son na haeráide agus beartais rialtais eile, cuspóirí pleanála ina measc. Ceadaítear leis an gcóras tuairisciú breise ar gníomhú ar son na haeráide, agus cruthaíodh breis agus 30 tuarascáil go dtí seo agus tá measúnuithe breise ar na bacáin don bhliain 2025.

4| Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ)



Pacáiste Oibre 2 CAPanna ÚÁ

Cás-Staidéar 3

Dul i nGleic le Réchasadh Innill an Fhlít ar mhaithe le hAer Níos Glaine



Cúlra

Mar chuid de Sheachtain an Aeir Níos Glaine 2024, chuaigh **CARO ASBN** i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun dul i ngleic leis an tsaincheist lena mbaineann réchasadh innill feithiclí, rud a chuireann le truailliú aeir nach minic go dtéitear i ngleic leis. Mar gheall go bhfuil ról tábhachtach ag astaíochtaí iompair i ndíghrádú cháilíocht an aeir uirbigh, bhí mar aidhm ag an tionscnamh feasacht a mhúscailt agus athrú iompraíochta a chur chun cinn i measc oibreoirí flít agus an phobail i gcoitinne.

An Gníomh a Rinneadh

1. Forbraíodh fógra físeáin dhinimiciúil 30 soicind a bhí curtha in oiriúint d'ardáin mheán sóisialta agus pictiúrlanna áitiúla.
2. Léiríodh é sin i mBéarla agus i nGaeilge, a chinntigh go raibh sé inrochtana do gach lucht féachana. (Clliceáil an íomhá thíos chun féachaint ar fhíseán CARO 'Múch an tInneal agus Tú ag Fanacht').



3. Cuireadh comórtas póstaer ar bun le Scoileanna sa Chontae le tionscnamh a chur chun cinn.
4. D'oibrigh na CAROanna réigiúnacha go léir le chéile chun an tionscnamh seo a thabhairt isteach i measc na nÚdarás Áitiúil go léir.
5. Ghlac Údarás Áitiúla go gníomhach leis an bhfeachtas Múch an tInneal agus Tú ag Fanacht', agus d'úsáid siad taispeántí ar na meáin shóisialta agus i bpictiúrlanna chun teachtaireacht an-láidir ar bhealach físiúil a thabhairt.

Torthaí

Spreag cur chuige beacht agus inghníomhaithe an fheachtais tiománaithe smaoinemh in athuir ar a nósanna, agus músclaíodh fea sacht níos mó agus baineadh athrú iompraíochta amach agus laghdaíodh truailliú aeir dá bharr. Is féidir é a thabhairt isteach gan stró in go leor feachtais inbhuanaitheachta, Seachtain an Aeir Ghlain agus Clár na Scoileanna Glasa ina measc.

4 | Pleananna Údar áis Áiti úil um Ghn Gníomh ú ar son na hAer hAeráide (CAPanna ÚÁ)

Príomhaidhmeanna agus Tosa Tosaíochtaí

- Tacú le gach Údarás Áitiúil chun a bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a ghlacadh mar fhreagairt don Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú),
- Tacú le hÚdaráis Áitiúla na pleananna seo a chur i bhfeidhm agus freagairt chomhordaithe a chinntiú ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus eanála.
- Tacú le comhordú agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha.
- Comhordú réigiúnach a chinntiú i leith pleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus dúbláil iarrachta sa phróiseas seo a laghdú.

Léargas Ginearálta

Ba é an t-éacht ba tábhachtaí i mbliana don eanáil Údarás Áitiúil gur glacadh le gach ceann de na 31 Plean ÚÁ um Ghníomhú ar son na hAeráide le cúnamh agus treoir ó na CAROanna. Mar gheall go bhfuil caidreamh dlúth ag na hÚdaráis Áitiúla lena bpobail agus go bhfuil eolas forleathan acu ar na timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha laistigh dá limistéir feidhme, is fearr is féidir leo tabhairt faoi Ghníomhú ar son na hAeráide agus aird ar an mbeartas náisiúnta aeráide. Is é an Plean



CAP ÚÁ Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2024-2027

Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide an an phríomhuirlis a neartaíonn na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail, trí ghníomhú áitbhuanaithe ar son na haeráide. Ghlac CARO le ról tábhachtach i dtaobh tacú le gach Údarás Áitiúil chun a bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a ghlacadh, atá uailmhianach, dírithe ar ghníomhartha, fianaisebhunaithe, rannpháirtíoch agus trédhearcach, agus ar aon dul leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Glacann CARO le ról ríthábhachtach i dtacú le cur i bhfeidhm na bPleananna trí threoir a thabhairt agus comhordú agus rannpháirtíocht a chothú ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, agus eanála. Thacaigh na CAROanna leis an LGMA san athbhreithniú ar an dréacht-CS idir an DECC agus na hÚdaráis Áitiúla thar ceann CCMA. Shínigh gach Údarás Áitiúil an CS seo i ráithe 4 agus rinneadh soláthar ann don fhoireannum Ghníomhú ar son na hAeráide a mhaoiniú.

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 2 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: **€54,039.98**

Éachtaí

Glacadh agus seoladh 31 Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

D'fhreastail an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan, ar an imeacht oifigiúil seolta do na Pleananna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide in Óstán an Old Ground in Inis, Contae an Chláir a d'eagraigh na CAROanna in Aibreán.

Ghlac na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) le ról ríthábhachtach i gcuidiú agus tacú le dul chun cinn pleananna údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide. D'ullmhaigh gach ceann de na 31 údarás áitiúil (le treoir, oiliúint agus tacaíocht ó na CAROanna) a [bPleananna Áitiúla um Ghníomhú ar son na hAeráide](#) i rith na bliana roimhe sin agus ghlac na baill thofa go léir le gach plean faoi dheireadh Mhárta. Ba gharsprioc é sin don earnáil rialtais áitiúil. Tá beagnach 4,000 gníomh leagtha amach i dteannta a chéile i measc na 31 plean ina sonraítear bearta praiticiúla aeráide atá le cur i gcrích i ngach limistéar údaráis áitiúil sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

Bunaíodh gach plean um ghníomhú ar son na haeráide ar bhonn fianaise láidir, a bhfuil cur chuige áitbhunaithe agus measúnú riosca athraithe aeráide ina leagtar amach na rioscaí dóchúlacha i dtaobh athrú aeráide, cosúil le báisteach nó tuile mhéadaithe. Agus aird á tabhairt ar Threoirlínte ón Aire, tá gach plean ón mbun aníos agus cruthaíodh go háitiúil é agus cuireadh in oiriúint é dá cheantar áitiúil. Léirítear sna pleananna uailmhian, díriú agus tiomantas gach Údaráis Áitiúil d'astaíochtaí carbóin a laghdú agus caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine a chónaíonn, a oibríonn agus a dhéanann staidéar i ngach contae.




Imeacht Líonraithe CARO 2024 - an tAire agus Foireann CARO

Criosanna Dícharbónaithe a Aithint

Mar chuid d’ullmhú na CAPanna ÚÁ, agus le tacaíocht CARO, d’ainmnigh gach Údarás Áitiúil Crios Dícharbónaithe (DZ), ina ndírítear ar thionscnaimh mhaolaithe aeráide, oiriúnaithe, agus bhithéagsúlachta atá saincheaptha dá gceantar áitiúil. Limistéar spásúil é Crios Dícharbónaithe (DZ) ina n-aithnítear réimse bearta maolaithe aeráide agus oiriúnaithe aeráide agus bithéagsúlachta agus úinéirí gnímh chun dul i ngleic le riachtanais áitiúla i dtaobh fuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aeráide chun cur le spriocanna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide.

Suíomh taispeána agus binse tástála iad DZanna i leith an mhéid is féidir a bhaint amach maidir le dícharbónú agus gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil agus pobail, chun cabhrú le tacú leis an uailmhian náisiúnta aeráide agus í a bhaint amach. Aithníodh 41 DZ i measc na 31 Údarás Áitiúil agus d’aithin roinnt Údarás Áitiúla breis agus DZ amháin. Is é an t-achar iomlán atá cumhdaithe ag DZanna go náisiúnta 1,869 ciliméadar cearnach agus is é an daonra iomlán 530,522 duine ag a bhfuil bonnlíne 3.9 MT CO₂e (2018).




Fíor 6: Léarscáil de na 41 Crios Dícharbónaithe go léir

Anailís ar na gníomhartha sna CAPanna ÚA

Bunaíodh grúpa tionscadail ina bhfuil baill ó réigiúin uile CARO agus atá faoi stiúir CARO E&M agus CARO ASBS chun tabhairt faoi [anailís agus tuarascáil iomlán](#) ar na gníomhartha i ngach 31 Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide. Deimhníodh sa tuarascáil gur glacadh le líon iomlán 3,935 gníomh i measc na 31 CAP ÚA. Baineann 3,282 díobh seo leis an limistéar riaracháin údaráis áitiúil iomlán agus baineann 653 go sonrach le Criosanna Dícharbónaithe (DZanna). Miondealaítear na gníomhartha faoi theidil éagsúla, an méid seo a leanas ina measc:

- cibé oiriúnú nó maolú
- de réir catagóire
- de réir rangú
- de réir earnála
- ag páirtithe leasmhara
- tionscadail fhéideartha eiseamláireacha



Fíor 7: Miondealú ar Gníomhartha an CAP ÚA

Cuimsítear sa tuarascáil chomh maith mír shonrach ar na gníomhartha i ngach ceann de na 41 Crios Dícharbónaithe. Soláthraíodh [anailís ag páirtithe leasmhara](#) agus [anailís earnála](#) chomh maith a chuir eolas an-áisiúil ar fáil. Tá na tuarascálacha seo ar fáil ar shuíomh gréasáin láithreán CARO.

Grúpa Comhairleach na DZanna

Bhunaigh an DECC Grúpa Comhairleach Criosanna Dícharbónaithe (DZ) i ráithe 3 2024 i gcomhar leis an SEAI chun na deiseanna agus dúshláin straitéiseacha a chruthaigh na DZanna a fhiosrú agus chun ról tacaíochta a sholáthar d'údaráis áitiúla i dtaobh a DZanna a chur i bhfeidhm. Déantar ionadaíocht do choiste ECCE an CCMA agus do na ceithre CARO ar a nGrúpa seo. Beartaítear go n-úsáidfidh an Grúpa struchtúr réigiúnach agus grúpaí stiúrtha CARO i dteannta a chéile, chun tacú leis na DZanna seachas ar leibhéal údaráis áitiúil aonair. Tá an anailís ar ghníomhartha sna CAPanna ÚA agus na DZanna a rinne na CAROanna á húsáid chun eolas a chur ar fáil d'oibriú an ghrúpa seo.

Imeacht Líonraithe Náisiúnta

Rinne CARO ASBS eagrú an chéad Imeachtabhliantúil Líonraithe Náisiúnta do Chomhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Stiúirtheoirí Seirbhíse a stiúradh, inar tugadh príomhpháirtithe leasmhara ón LGMA agus an DECC le chéile. Cuireadh ar bun in Inis, Contae an Chláir é in Aibreán agus neartaigh an tionól dhá lá seo comhoibriú agus roinnt eolais ar fud na hearnála.

An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chur i bhFeidhm

Ghlac CARO ASBS le ról i dtacú le Ceardlann um Chur i bhfeidhm um Ghníomhú ar son na hAeráide intí Chomhairle Contae an Chláir in Inis an 30 Bealtaine. Meastar gur príomhimeacht oiliúna é seo ina gcuirtear éascú agus treoir straitéiseach ar fáil d'fhoireann aeráide Údaráis Áitiúil.

Bacainní

Teastaíonn ardleibhéal comhordaithe agus leithdháilte acmhainní ó chastacht na tacaíochta le cur i bhfeidhm Pleananna ÚÁ um Ghníomhú ar son na hAeráide i measc leibhéal iolracha rialachais. Dúshlán é eolas agus cás-staidéir a roinnt ar bhealach bríoch de bharr an ardleibhéal oibre atá á déanamh ag na 31 Údarás Áitiúil go léir. Tá sé bunriachtanach comhoibriú idirghníomhaireachta a neartú agus acmhainní breise a fháil chun na bacainní seo a shárú agus dul chun cinn CARO i rialachas aeráide a choimeád ar bun. Príomhbhacainn ar ghníomhartha a sholáthar sna CAPanna ÚÁ é an easpa maoiniú, go háirithe sna DZanna. Tá deiseanna á lorg ag na CAROanna i gcomhar leis an DECC chun teacht ar fhoinsí breise maoinithe chun tacú le hÚdaráis Áitiúla.



Imeacht Líonraithe Náisiúnta CARO 2024 – an Clár

Pacáiste Oibre 2 CAPanna ÚÁ

Cás-Staidéar 4 Criosanna Dícharbónaithe (DZanna) a Chur i bhFeidhm



Cúlra

Chun tacú le gníomhachtú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na 41 Crios Dícharbónaithe (DZanna), thionóil **CARO E&M** ceithre cheardlann théamacha chun tacú le hÚdaráis Áitiúla a DZanna a chur i bhfeidhm. Ba é príomhchuspóir na gceardlann foireann Údaráis Áitiúil a thabhairt le chéile a bhfuil freagracht orthu as na DZanna a chur i bhfeidhm, deiseanna a fhiosrú, dúshláin a aithint, cinntí a dhéanamh agus réitigh a fhorbairt chun a DZanna a thabhairt chun cinn.

An Gníomh a Rinneadh

- Chuir CARO ceithre cheardlann théamacha ar siúl ar DZanna i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.
- Díríodh i ngach ceardlann ar théama faoi leith:
 - 25 Meán Fómhair – An Timpeallacht Thógtha (Cill Chainnigh).
 - 1 Deireadh Fómhair – An Pobal a Spreagadh chun Gnímh (an Muileann gCearr).
 - 9 Deireadh Fómhair – An Timpeallacht Nádúrtha (Ros Comáin).
 - An 16 Deireadh Fómhair – An Bithgheilleagar (Durlas).
- Bhí cuir i láthair ag saineolaithe, cuairteanna ar shuíomh agus plé i ngrúpa ar siúl i ngach ceann.
- Cuireadh deiseanna líonraithe agus forbartha acmhainní ar fáil iontu.
- Ghlac lucht freastail 364 duine páirt (i measc na 31 Údarás Áitiúil go léir), ó dhisciplíní éagsúla, a rinne ionadaíocht den chuid is mó do sheirbhísí, gníomhú ar son na haeraide, bóithre (taisteal gníomhach), forbairt pobail, fiontraíocht, bithéagsúlacht, agus an comhshaol ina measc.
- Díríodh sa phlé ar aiseolas ar dhá cheist ríthábhachtacha:
 - Dúshláin i dtaobh DZanna a chur i ngníomh ar leibhéal áitiúil.
 - Deiseanna tionscnaimh DZ a chur chun cinn.
- Ullmhaíodh tuarascáil straitéiseach ar aiseolas a fuarthas, a scaipeadh ar Údaráis Áitiúla agus ar Ghrúpa Comhairleach na DZanna chun eolas a chur ar fáil do ghníomhartha amach anseo.



Torthaí

Cothaíodh comhoibriú agus roinnt eolais sna ceardlanna DZ agus cabhróidh an léargas a fuarthas le tacú le DZ a chur i bhfeidhm.

5| Oiriúnú



Pacáiste Oibre 3 Oiriúnú

Cás-Staidéar 5 Oiriúnú Aeráide Tránna agus Dumhcha



Cúlra

Tionscnamh comhoibríoch é an clár oiliúna Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha atá faoi stiúir Ná Fág Aon Lorg, Ollscoil na Gaillimhe, **CARO ASBN** agus MSLETB (Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma). Mhaoinigh Pobal an tionscadal faoi Shnáithe 2 den Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide. Ghlac na comhpháirtithe seo i dteannta a chéile le ról ríthábhachtach in oideachas a chur ar ghrúpaí áitiúla agus iad a chumasú maidir le Réitigh Dhúlraibhunaithe (NbSanna) chun éiceachórais chósta a chosaint.

An Gníomh a Rinneadh

1. D'éirigh leo sraith ceardlanna lae a chur ar siúl i measc cúig chontae, inar tugadh cónaitheoirí áitiúla, ceannairí pobail agus údaráis le chéile i measc cúig láthair chósta, a chuir an t-eolas agus na scileanna bunriachtanacha ar fáil do phobail maidir leis an aeráid.
2. I measc na n-ábhar bhí bainistíocht talún inbhuanaithe, caomhnú bithéagsúlachta, agus cosaint acmhainní uisce.
3. Lig plé idirghníomhach agus gníomhaíochtaí teagmhálacha do rannpháirtithe léargas praiticiúil a fháil ar a réitigh dhúlraibhunaithe a chur i bhfeidhm ina bpobail féin.
4. Cheadaigh Ceardlanna Allamuigh Lae do rannpháirtithe taithe phearsanta a fháil ar thionscadail réiteach dúlraibhunaithe áitiúla..
5. Chabhraigh teicnící cobhsaithe agus iarrachtaí caomhnaithe dumhcha le cur lena dtuiscint ar conas is féidir le tionscnaimh atá faoi stiúir an phobail creimeadh cósta a chomhrac.
6. D'oibrigh comhpháirtithe an tionscadail chun Dunes.ie a fhorbairt, suíomh gréasáin tiomnaithe ina ndéantar príomhacmhainní a chomhdhlúthú do rochtain phoiblí.

Torthaí

Acmhainn atá cothrom le dáta é suíomh gréasáin an tionscadail dunes.ie do na hábhair a leanas d'aon ghrúpa ar mian leo dumhcha a chaomhnú, 1) Do Dhumhcha a Léarscáiliú; Uirlis idirghníomhach chun cobhsaíocht dumhcha a rianú, 2) An Feachtas Ár nDumhcha a Chosaint; Ábhair oideachais a chuireann iarrachtaí caomhnaithe chun cinn, 3) Treoracha maidir le Muiríneach a Chur agus Sconsaí Gaiste Gainimh; Teicnící praiticiúla le haghaidh cobhsú dumhcha, agus 4) Lámhleabhar maidir le Trá Thuaithe a Bhainistiú; Dea Dea-chleachtais maidir le maoirseacht cósta inbhuanaithe.

5 | Oiriúnú

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Tacú le Comhstraitéisí/Comhphleananna Gníomhaíochta Údaráis Áitiúil um Oiriúnú Aeráide.
- Tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta Oiriúnaithe.
- Leanúint d'idirchaidreamh a dhéanamh le pleananna Oiriúnaithe Aeráide earnála agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre náisiúnta gaolmhara atá á gcomhordú ag an rialtas láir.
- Tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn a chur ar fáil ar straitéisí / Pleananna Gníomhaíochta um oiriúnú d'athrú aeráide a chur i bhfeidhm.

Léargas Ginearálta

Leanann CARO ag tacú le gníomhartha oiriúnaithe na bPleananna Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm, lena chinntítear ailíniú le tosaíochtaí oiriúnaithe náisiúnta. Cuireann CARO, trí rannpháirtíocht ghníomhach sa Choiste Stiúrtha Oiriúnaithe Náisiúnta agus i ngrúpaí oibre earnála, le forbairt beartais agus iarrachtaí oiriúnaithe ar fud na hÉireann.

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 3 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne aáireamh: €9,218.20



Creimeadh Cósta, Gort na Mara, Contae Loch Garman

Éachtaí

An Straitéis Náisiúnta Bainistíochta ar Athrú Cósta (NCCMS)

Ghlac gach ceann de na ceithre CARO le ról tábhachtach i dtaighde a dhéanamh agus fianaise a bhailiú chun eolas a chur ar fáil do chlár freagartha fadtéarmach d'athrú cósta. Thacaigh CARO le céim thionscanta agus cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Bainistíochta Athruithe Cósta (NCCMS) i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí stáit, go háirithe an OPW agus GSI.

Tá CARO gníomhach i gcónaí laistigh de Ghrúpa Oibre Sonraí Shraith 2 an NCCMS, agus éascaíonn sé rannpháirtíocht Údaráis Áitiúil i dtríail a bhaint as uirlis bhailithe sonraí chun monatóireacht ar athrú cósta a fheabhsú.

Teacht Aniar Creimthe Cósta a Thabhairt chun Cinn

Fuair CARO ASBS maoiniú 370,000 faoi Fhís Eorpach i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, UCC/MaREI, agus comhpháirtithe AE, do Thionscadal Taispeántóra Tí Solais atá dírithe ar réitigh innealtóireachta boige do theacht aniar cósta.

Oiriúnú d'Aeráid an Chósta a Neartú

Thug CARO ASBN, i gcomhoibriú le Ná Fág Aon Lorg, Ollscoil na Gaillimhe agus MLSETB, an Tionscadal Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha, a thugann na huirlisí do phobail chun teacht aniar an chósta a fheabhsú. Tá ceardlanna, sraith straitéisí chuimsitheach, agus suíomhanna píolótacha sa tionscnamh seo chun dumhcha dúlrabhunaithe a athchóiriú.

Seoladh feachtas um fheasacht phoiblí i rith an Imeachta Ceiliúradh ar Thránna agus Dumhcha i Meitheamh, a thug chun solais cé chomh tábhachtach atá sé dumhcha a chaomhnú. Thacaigh CARO freisin leis an Lá Domhanda Dumhcha an 29 Meitheamh, inar tugadh chun solais iarrachtaí domhanda cosanta dumhcha.



An Imeachta Tránna agus Dumhcha 2024, an Leathros, Contae Shligigh

Oiriúnú Aeráide a Thabhairt chun Cinn do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Leanann CARO ASBS leis an gceannas a ghlacadh i dtaobh straitéisí oiriúnaithe do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. Tar éis gur foilsíodh an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, chomhoibrigh CARO ar iarscríbhinní a fhorbairt ina dtéitear i ngleic le sócmhainní geoiteicniúla agus bealaí príomhbhonneagair agus tá an obair seo le críochnú in 2025.

Tá Clár Oibre 2024 maoinithe ag an Roinn Iompair agus cuimsítear ann straitéisí dícharbónaithe le haghaidh tógáil agus cothabháil bóithre, a chinntíonn teacht aniar fadtéarmach laistigh de ghréasáin iompair na hÉireann.

Pacáiste Oibre 3 Oiriúnú

Cás-Staidéar 6 Imeacht Náisiúnta Tránna agus Dumhcha – Teacht Aniar an Chósta a Neartú



Cúlra

D'aithin **CARO ASBN**, Leave No Trace Ireland, Ollscoil na Gaillimhe, agus MSLETB (na comhpháirtithe) an gá atá le díriú níos mó ar chaomhnú tránna agus dumhcha.

An Gníomh a Rinneadh

- Chuir na comhpháirtithe céad imeacht náisiúnta na hÉireann ar siúl an 25 Meitheamh a bhí dírithe ar oiriúnú aeráide tránna agus dumhcha ag an Ionad Náisiúnta Tonnmharcaíochta sa Leathros, Contae Shligigh.
- D'fhreastail breis agus 40 rannpháirtí, úinéirí talún, eagraíochtaí neamhrialtasacha, oibríthe deonacha, Údarás Áitiúla, agus gníomhaireachtaí stáit ina measc.
- Bhí plé faoi stiúir saineolaithe, taispeántais phóstaer, agus siúlóid threoraithe trá san imeacht inar scrúdaíodh modhanna rialaithe creimthe.
- I measc na bpríomh-mholtaí ón bplé, bhí:
 - Údarás cósta náisiúnta a bhunú.
 - Coistí Oibríochtúla Réigiúnacha a chruthú ar mhaithe le bainistíocht cósta fhadtéarmach.
 - Tacaíocht airgeadais d'iarrachtaí caomhnaithe faoi stiúir an phobail.
 - Tionchar agus leagáid a mhéadú.

Torthaí

Trí oiliúint struchtúrach, eispéiris allamuigh, agus acmhainní foghlama digítí a sholáthar, tá an bhunchloch leagtha ag na comhpháirtithe seo d'iarrachtaí caomhnaithe cósta inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe éiceachórais dumhcha na hÉireann do na glúnta amach anseo.

Straitéisí Oiriúnaithe na hEarnála Rialtais Áitiúil

Tugtar le fios i dTuarascáil an Scórchárta um Oiriúnú d'Athrú Aeráide, a foilsíodh i Meán Fómhair, go bhfuil dul chun cinn "maith" á dhéanamh i measc na gcatagóirí rialachas, beartas cur i bhfeidhm, agus bainistíocht riosca. Baineann an tuarascáil leis an tréimhse Aibreán 2023-Márta 2024 agus tugtar chun solais inti dul chun cinn ar fud na hearnála, agus chuir gach ceann de na ceithre CARO aiseolas struchtúrach ar fáil don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide.

Measúnú ar Riosca agus Leochaileacht Aeráide a Thabhairt chun Cinn

D'fhorbair CARO ASBN, i gcomhoibriú le Climate Ireland, modheolaíocht leathchainníochtúil Mheasúnaithe ar Riosca agus Leochaileacht Aeráide chun pleanáil teacht aniar a fheabhsú. Cuireann an obair seo aithint rioscaí agus an acmhainn oiriúnaithe chun cinn, agus tá tionscadal píolótach á fhorbairt faoi láthair.

Measúnuithe ar Riosca Athraithe Aeráide

Mar thoradh ar ghlacadh le gach ceann de na 31 CAP ÚÁ, thug CARO E&M faoi mheasúnú ar gach Measúnú Riosca Athraithe Aeráide (CCRA) leis na guaiseacha agus rioscaí earnála a aithint. Deimhníodh fud fad na tíre go ndearnadh 10 bpríomhghuais a mheas laistigh de na CCRAanna agus gur measúnaíodh an riosca gaolmhar maidir le tréimhsí ama faoi láthair agus amach anseo bunaithe ar 'minicíocht' agus 'tionchar'. Ba iad na guaiseacha sin tonnta teasa, triomach, tréimhsí fuara, sneachta trom, creimeadh cósta, tuile cósta, tuile abhann, tuile bháistiúil, tuile screamhuisce agus stoirmeacha gaoithe láidre.

Léiríodh torthaí na CCRAanna don am i láthair agus amach anseo i dtuarascáil inar úsáideadh 'rósléaráidí', agus léiríodh gach guais i gcolún inar tugadh an leibhéal gaolmhar riosca le fios. Úsáideadh an tuarascáil chun cur le meicníochtaí pleanála eile oiriúnaithe, forbairt Threoirínte an Chreata um Oiriúnú Náisiúnta (a foilsíodh in 2024) ina measc, a forbraíodh chun tacú leis na Pleananna um Oiriúnú Earnála a fhorbairt agus le tabhairt faoin Measúnú Náisiúnta Riosca Athraithe Aeráide.

Tionscnaimh an Aistrithe Chóir a Thabhairt chun Cinn


Thacaigh [Tionscadal Oiliúna agus Meantóireachta Po Pobail an Aistrithe Chóir](#) – EMERGE, faoi stiúir CARO E&M, le pobail Lár na Tíre agus chuir sé ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar aistriú na hÉireann go gilleagar aeráid aeráid-díonach agus sochaí athléimneach. Trí chur chuige ilghnéitheach, seimineáir ghréasáin, p lé pobail, sraitheanna straitéisí pleanála gníomhachtaithe, agus pleananna gníomhachtaithe straitéiseacha, sholáthair CARO na huirlisí agus an t-eolas riachtanach do ghníomhú bríoch ar son na haeráide do phobail.

Seoladh an tuarascáil mheasúnaithe deiridh do thionscadal EMERGE chuig an DECC in Eanáir, arbh ionann sin agus críochnú an tionscnaimh ríthábhachtaigh seo. Cinntíonn ceannaireacht CARO ar fhorbairt acmhainní agus comhoibriú teacht aniar fadtéarmach, a choimeádann pobail Lár na Tíre ar thús cadhnaíochta ghluaiseacht aistrithe chóir na hÉireann.



Bailiú Sonraí Aeráide leis an Aip Weather Impact Register (WIRE)

Aip mhóibíleach é WIRE a d'fhorbair CARO ASBN d'fhoireann Údaráis Áitiúil chun tionchair imeachtaí aimsire a bhailiú agus gabhann Amharcóir Léarscáile agus Clár Eolais Sonraí leis chun na sonraí a bailíodh a fheiceáil agus a anailísiú. Lean CARO ASBN ag obair le hÚdaráis Áitiúla chun aip WIRE a fhorbairt agus a thástáil níos mó agus chun réitigh GIS-bhunaithe a fhiosrú. Tionóladh cruinnithe chomh maith le Comhairle Contae na Gaillimhe chun deiseanna a fhiosrú chun Aip WIRE a chomhcheangal le hacmhainní sonraí tuile an OPW agus aip Córas Bainistíochta Imeachtaí Drochaimsire (SWEM) na Gaillimhe. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2025.



Fíor 8: Clár Eolais Aip Mhóibíleach WIRE

Bacainní

Bhí dúshlán roimh roinnt tionscadal de bharr srianta margaidh, teorainneacha buiséid, agus castachtaí comhordaithe.

- Cuireadh roinnt tionscadal siar don bhliain sin mar gheall ar líon teoranta freagairtí ar phróiseas tairisceana do dhoiciméad treorach sa mhullach ar chostais iomarcacha.

Pacáiste Oibre 3 Oiriúnú

Cás-Staidéar 7

Creimeadh Cósta: (A-AAGORA)

Tionscadal Creimthe Cósta Fhís Eorpach



Cúlra

ASBS CARO and Cork County Council, in collaboration with UCC/MaREI, secured funding to participate in the Horizon Europe A-AAGORA Project. This initiative focuses on Integrated Coastal Zone Management, using soft measures alongside hard engineering solutions to enhance coastal resilience. The project involves working with local communities, biodiversity planning, and ecosystem restoration. CARO/CCC's role is to establish demonstrator sites in Ireland to test approaches and share findings with other European regions. The project is part of a consortium led by Portuguese and Norwegian partners, who are also developing their own demonstrator sites.

Action Taken

- Secured Horizon Europe funding for the project.
- Established demonstrator sites for pilot projects in collaboration with UCC/MaREI.
- Engaged local stakeholders, including government bodies and community groups, to ensure broad participation.
- Installed a static coastal monitoring camera at Inchydoney Beach, Cork.
- Deployed two CoastSnap cradles, enabling citizens to capture coastline changes and contribute to a global coastal monitoring database.
- Promoted CoastSnap's community beach monitoring system to enhance citizen engagement in tracking coastal erosion.

Results/Outcomes

This project strengthened European collaboration on coastal resilience strategies through shared demonstrator sites. It increased public awareness and participation in coastal monitoring via the CoastSnap initiative and provided valuable data on coastal changes, informing future policy and mitigation efforts against erosion.

6 | Maolú



Pacáiste Oibre 4 Maolú

Cás-Staidéar 8 Aonaid Fuinnimh Réigiúnaigh E&M



Cúlra

Tacaíonn Clár Pathfinder Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI), a bunaíodh in 2017, le comhlachtaí poiblí i ndíchárbonú foirgneamh faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil. Comhoibríonn **CARO E&M** le gach ceann de na 17 nÚdarás Áitiúla sa réigiún, agus oibríonn siad i gcomhar leis an SEAI chun tacaíocht Pathfinder a fháil.

An Gníomh a Rinneadh

- Glacadh le foréigiúin a úsáid le comhoibriú a éascú, agus bunaíodh ceithre Aonad Fuinnimh Réigiúnacha dá bharr:
 - Aonad Fuinnimh Réigiúnach na Teorann – Liatroim, an Cabhán, Muineachán.
 - Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach Lár na Tíre – Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Ros Comáin.
 - Aonad Fuinnimh Réigiúnach an Lár-Oirthir – Lú, an Mhí, Cill Dara, Cill Mhantáin.
 - Aonad Fuinnimh Réigiúnach an Oirdheiscirt – Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Port Láirge, Tiobraid Árann.
- Rinne CARO E&M a thacaíocht a shaincheapadh do gach aonad bunaithe ar a leibhéal dul chun cinn:
 - An Lár-Oirthear (Cill Dara, an Mhí, Cill Mhantáin, Lú) - tosaíodh le tionscadail fuinnimh agus rochtain ar mhaoiniú Pathfinder.
 - Lár na Tíre (Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, an Longfort, Ros Comáin): Cuidíodh le struchtúir rialachais a bhunú do chomhordú réigiúnach
 - An Teorainn (an Cabhán, Muineachán, Liatroim): Dírithe archultúr bainistíochta fuinnimh a leabú, comhoibriú a chothú, agus creataí rialachais a fhorbairt chun tionscadail a chur i bhfeidhm.
 - An Oirdheisceart (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Loch Garman, Port Láirge): Forbraíodh páipéar seasaimh, comhordaíodh iarrachtaí Údaráis Áitiúil, tacaíodh le Bainisteoir Fuinnimh Réigiúnach a earcú, agus cuidíodh le struchtúir rialachais a bhunú.

Torthaí

Is é ról CARO E&M i dtaobh Údaráis Áitiúla a éascú agus a chomhordú ná cuidiú le hiarrachtaí dícharbónaithe a chur chun cinn.

6 | Maolú

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an SEAI san athbhreithniú ar dheiseanna atá ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí CO 2 a bhaint amach.
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla i bhforbairt agus cur i bhfeidhm Aonad Fuinnimh.
- Leanúint le Gníomhaireachtaí Fuinnimh a chomhordú agus le comhoibriú leo chun tabhairt faoi thionscadail chaipitil.

Léargas

Tá oibleagáid ar na hÚdaráis Áitiúla go léir spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí 2030 a bhaint amach a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, an méid seo a leanas ina measc:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- Feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh phríomhúil

Leanann CARO le tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh agus dhícharbónaithe a chur chun cinn trí idirchaidreamh a dhéanamh leis an SEAI chun deiseanna a fhiosrú chun tacú le hÚdaráis Áitiúla na spriocanna seo a bhaint amach. Áirítear leis seo ailíniú le prionsabail Chlár Pathfinder chun tacú le hÚdaráis Áitiúla 1) tionscadail a fhorbairt a fheabhsaíonn éifeachtúlachtaí fuinnimh agus a laghdaíonn na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnáil an phobail, 2) tionscadail a fhorbairt a thacaíonn leis na comhlachtaí poiblí aistriú chuig astaíochtaí carbóin ghlan-nialasaigh agus 3) tionscadail a fhorbairt ina dtugtar tús áite do chuir chuige iomlána i leith iarfheistiú foirgneamh agus ina gcuirtear é sin chun cinn, rátáil BER B a bhaint amach agus téamh in-athnuaite a chur san áireamh.

Trí idirchaidreamh a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla agus Aonaid Fuinnimh á bhforbairt agus comhoibriú le Gníomhaireachtaí Fuinnimh agus Biúróna Fuinnimh bunaithe, tá cur chuige comhordaithe i leith inbhuanaitheachta agus Chlár Pathfinder á chothú ag CARO. Cinntíonn na hiarrachtaí sin go dtagann tionscadail chaipitil le beartas náisiúnta agus leis na treoirlínte bonneagair agus go dtacaítear san am céanna le dul chun cinn straitéiseach i mbonneagar fuinnimh áitiúil.



Grianphainéil Chomhairle Contae Chorcaí

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

*Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 4 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: € **€4,757.64***

Éachtaí

Dícharbónú Fhlít an Údaráis Áitiúil a Thabhairt chun Cinn

Ghlac CARO le ról tábhachtach in iarrachtaí dícharbónaithe flít, agus thacaigh siad leis an ngrúpa oibre athchumraithe atá tiomnaithe do straitéis flít níos inbhuanaithe a fhorbairt. Rinne ailíniú Údaráis Áitiúil a mheas i suirbhé a rinneadh in 2023 le prionsabail Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh, agus cuireadh na torthaí i láthair ag Cruinniú Choiste CATCEN i mí na Nollag 2023.

Chuir an léargas seo bonn eolais faoin bplé ag cruinniú líonraithe na mbainisteoirí flít i mí an Mhárta, a neartaigh cur chuige faoi stiúir sonraí i leith inbhuanaitheacht flít. Cuireann idirchaidreamh CARO cocomhoibriú agus nuálaíocht chun cinn, a chuidíonn le hÚdaráis Áitiúla obair i dtreo a spriocanna claochlaithe flít 2030.



Seoladh an Ghlantóra Sráide Leictreach Nua i gCathair na Gaillimhe; an chéad ghlantóir sráide leictreach Údaráis Áitiúil in Iarthar na hÉireann

An Straitéis Luchtaithe Feithiclé Leictreacha a Thabhairt chun Cinn

Bhí páirt lárnach ag CARO i bhforbairt bonneagair feithiclé leictreacha (EV) a chur chun cinn, ionadaíocht a dhéanamh don earnáil laistigh de phríomh-Ghrúpaí Oibre Fheithiclé Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI), an Grúpa Fuinnimh Earnála Poiblí, an Grúpa Bonneagair Phoiblí-Phríobháidigh, agus an Ghrúpa Feithiclé Poiblí-Príobháideacha san áireamh. Cothaíonn CARO, tríd an idirchaidreamh sin, comhoibriú ar phointí luchtaithe EV a chur isteach ar fud Údaráis Áitiúla.

In Eanáir, ghlac na CARO páirt i gcruinniú páirtithe leasmhara náisiúnta ZEVI, agus i gceardlanna breise i bhFeabhra inar cuireadh plé don phoiblí-phríobháideach ar siúl. De bhreis air sin, thacaigh CARO le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Cliste, agus Codema chun Straitéis Luchtaithe EV Réigiúnach a fhorbairt agus Fógra Réamhfhaisnéise (PIN) a eisiúint don mhargadh do phointí luchtaithe EV. Rinneadh freagairtí margaidh a mheas a rinne an dul chun cinn i dtreo próiseas soláthair foirmiúil agus bronnadh tairisceana chun pointí luchtaithe EV a chur isteach ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn. Cinntíonn iarrachtaí CARO aistriú ar fud na tíre go hiompar inbhuanaithe trí fhorbairt dhaingean an líonra EV.

Pacáiste Oibre 4 Maolú

Cás-Staidéar 9 Dícharbónú an Fhlít – Flít an Údaráis Áitiúil a Athshamlú



Cúlra

Is í an earnáil Rialtais Áitiúil an t-úinéir flít is mó in Éirinn, ina bhfuil thart ar 6,500 feithicil. Tá dícharbónú fhlít an Údaráis Áitiúil bunriachtanach chun spriocanna údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Thionóil Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) grúpa oibre chun bealaí a scrúdú chun cur chuige earnála a bheith ann chun cuidiú le hÚdaráis Áitiúla aonair agus iad a threorú chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach dá bhflíteanna. Tá ról ceannasaí tionscadail an ghrúpa oibre ag CARO an Oirthir agus Lár Tíre.

Lorgaíonn **CARO E&M** feabhas a chur ar eolas agus ar thuiscint, tríd an ngrúpa oibre, agus tugann siad tacaíocht d'Údaráis Áitiúla chun tasc dícharbónaithe an fhlít a chur chun cinn. D'fhiosraigh an grúpa oibre, sa chomhthéacs sin, bearta beartais, riachtanais agus a n-impleachtaí d'Údaráis Áitiúla, d'aithin siad príomh-mhíthuisicintí, príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna, d'fhorbair agus scaip siad doiciméid treorach agus cás-staidéir agus imeachtaí forbartha acmhainní.

An Gníomh a Rinneadh

- Thacaigh CARO E&M i gcomhar leis an LGMA leis an Imeacht Líonraithe Bainisteoirí Flít i Márta.
- Tugadh léargas san imeacht seo do bhainisteoirí flít ar bheartas, spriocanna, agus roghanna dícharbónaithe atá ag teacht chun cinn.
- Roinn an SEAI treoir, agus taispeánadh bearta praiticiúla dícharbónaithe i gcás-staidéir ó thriail Coillte agus Chomhairle Contae Mhuineacháin ar Ola Phlandúil Hidreachóireáilte (HVO).
- D'fhoilsigh an grúpa oibre a thrú doiciméad treorach ina sonraítear conas is féidir le Córas Bainistíochta Flít (FMS) an t-aistriú go flíteanna íseal-astaíochtaí a éascú i Samhain. Tugtar chun solais sa treoir seo conas is féidir le FMS:
 - Astaíochtaí flít a rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar laghduithe.
 - Éifeachtúlacht in oibríochtaí feithicle a chinntiú trí rianú cuíchóirithe, monatóireacht ar bhreosla, agus córais chlárainne.
 - Tacú le cinntí soláthair chun feithicil a úsáideann breosla in-athnuaite a thabhairt isteach i bhflíteanna..

Torthaí

Trí uirlisí praiticiúla, imeachtaí forbartha acmhainní, agus treoir a chur ar fáil, leanann CARO E&M le dícharbónú an fhlít rialtais áitiúil a chur chun cinn, a chinntíonn go sásaíonn Údaráis Áitiúla oibleagáidí diana laghdaithe astaíochtaí agus soláthar seirbhíse á chur ar fáil s an am céanna.

Biúróna Fuinnimh agus Aonaid um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chur chun Cinn

Tá CARO ar thús cadhnaíochta na héifeachtúlachta fuinnimh agus an ghníomhaithe ar son na haeráide go fóill, agus comhoibríonn siad leis an SEAI agus Údarás Áitiúla le Tionscadail Pathfinder a chur i bhfeidhm. Tacaíonn CARO E&M le roinnt príomh-Bhiúróna Fuinnimh – Aonad Fuinnimh na Teorann, Biúró Fuinnimh an Iarthuaiscirt, Aonad Fuinnimh an Lár-Oirthir, an Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre, agus Aonad Fuinnimh an Oirdheiscirt san áireamh, a bhfuil tionscnaimh bhonneagair inbhuanaithe á gcur chun cinn acu.

Thug CARO ASBN tacaíocht straitéiseach do Bhiúró Fuinnimh ASBN chun Clár Pathfinder 1 a fhorbairt, ina bhfuil 11 thionscadal ar fud an réigiúin, agus measúnuithe straitéiseacha a thosú ar thionscadail lena gcur san áireamh i gClár Pathfinder 2, ina ndírítear ar ionaid fóillíochta a dhícharbónú. Thacaigh CARO ASBN chomh maith leis an mBiúró Fuinnimh i ar an Achar go dtí an Sprioc agus le foireann Aeráide chun cultúr gach eagraíochta a athrú trína bheith níos feasaí ar fhuinneamh.

Shínigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar an Príomhúdarás do CARO DM, Comhaontú Maoinithe Pathfinder leis an SEAI, a dhéanann ionadaíocht do cheithre ÚÁ Bhaile Átha Cliath. Cuirtear €60M ar fáil faoin gcomhaontú seo do thionscadail iarfheistithe fuinnimh idir 2024 agus 2027, agus cuireann an SEAI agus na ÚÁanna cistiú 50% ar fáil. Tagann roghnú thionscadal Pathfinder le Straitéisí Dícharbónaithe agus le Tionscadal DeliveREE, a chinntíonn go gcomhlíontar Treoirlínte Bonneagair agus go neartaítear spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha.

Thacaigh CARO ASBS le comhpháirtíochtaí Pathfinder a fhorbairt i réigiún an oirdheiscirt, a d'éascaigh cruinnithe idir comhpháirtithe agus idirchaidreamh leis an SEAI. Tá iarrachtaí ar bun chun dhá aonad fuinnimh a bhunú i Réigiún Bhord Farraige an Atlantaigh Theas:

- Tá Aonad Fuinnimh an Lár-Iarthair (an Clár, Luimneach, Ciarraí) nach mór bunaithe, agus beartaítear comhaontuithe a thabhairt chun críche leis an SEAI in 2025.
- Tá idirbheartaíocht á cur chun cinn ag Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí ar chomhaonad fuinnimh, agus táthar ag súil go n-aontóidh an bhainistíocht shinsearach sa dá Údarás Áitiúil le dréachtpháipéar seasaimh.

Tá Údarás Áitiúla á gcumasú ag CARO trí chomhordú straitéiseach, éascú beartais, agus tacaíocht rialachais, chun réitigh fuinnimh inbhuanaithe a sholáthar, athléimneacht aeráide a fheabhsú, dícharbónú foirgneamh rialtais áitiúil agus dul chun cinn i dtreo a spriocanna 2030 agus 2050.

Bacainní

Cé go bhfuil obair á tabhairt chun cinn (cé go bhfuil sé mall) maidir leis an bhFlít ÚÁ, teastaíonn maoiniú agus comhoibriú marthanach idir páirtithe leasmhara ó dhícharbónú an fhlít agus chun an bonneagar EV a leathnú. De bhreis air sin, teastaíonn comhordú suntasach idir Údarás Áitiúla, an SEAI, agus gníomhaireachtaí rialtais ó aonaid fuinnimh bhreise a bhunú. Tá príomhbhaint ag bacainní dlíthiúla agus riaracháin a aithint agus a shárú chun inmharthanacht fhadtéarmach na dtionscnamh seo a chinntiú. Teastaíonn abhcóideacht leanúnach do thacaíocht airgeadais agus beartais d'Údarás Áitiúla chun leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh.

7| Oiliúint agus Oideachas Tuarascáil



Pacáiste Oibre 5 Oiliúint agus Oideachas

Cás-Staidéar 10

Local Authority Climate Action Training Programme & Delivery 2024



Cúlra

Cuirtear na gnéithe straitéiseacha ar fáil sa Chlár Oiliúna Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide (LACATP) 2024-2027 le hoiliúint a chumasú go deireadh na Nollag 2027. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí Phlean Oibre Chlár Oiliúna 2024 agus tá sé bunaithe ar an gcreat sé cholún oiliúna (an 1 Meitheamh-Nollaig 2024). Cuireadh struchtúr daingean oiliúna i bhfeidhm chun tacú le soláthar.

An Gníomh a Rinneadh

- Fuarthas maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) d'oiliúint.
- Ghlac CARO E&M ceannas ar an tionscadal trí SLA idir Comhairle Contae Chill Dara agus an DECC.
- Comhoibriú le LASNTG, lenar thacaigh SLA idir Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Thiobraid Árann.
- Comhordú lárnach, soláthar, lóistíocht agus soláthar oiliúna ag LASNTG, Ionaid Oiliúna Réigiúnacha agus Oifigigh Oiliúna údaráis áitiúil á ngiaráil.
- Rinne Grúpa Oiliúna Feidhmiúcháin maoirseacht, a chinntigh cur i bhfeidhm straitéiseach.
- Mar chuid de phleanáil oiliúna 2025 a fhorbairt, bunaíodh dhá ghrúpa oiliúna théamacha chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt in dhá phríomhlimistéar:
 - Réitigh Dhúlra bhunaithe Uisce Uirbigh
 - Soláthar Poiblí Glas.
- De bhreis air sin, tosaíodh soláthar do Chóras Bainistíochta Foghlama, a bhfuil mar chuspóir aige éifeachtúlachtaí soláthair oiliúna a chuíchóiriú i rith 2027.
- Soláthraíodh 3,869 áit oiliúna ó Mheitheamh go Nollaig i measc cúig chúrsa faoi mar a thaispeántar thíos:

Teideal an Chúrsa	Cur Síos	Rannpháirtithe (2024)
Ceannaireacht a Chur chun Tosaigh	Seimineáir ghréasáin do bhaill thofa inar pléadh Gníomhú ar son na hAeráide a Thabhairt Isteach, Spriocanna Fuinnimh Údaráis Áitiúil, agus Gníomhú Pobail ar son na hAeráide (Clár na gCumann Glas CLG)	1,207
Gníomh a Sholáthar Taobh Amuigh	Modúil i bpearsan d'fhoireann taobh amuigh údaráis áitiúil sna rannóga Bóithre, Comhshaoil, Uisce, agus Tithíochta	1,120
'Gníomh a Sholáthar' do Sheirbhísí Dóiteáin	Oiliúint d'fhoireann Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil, a forbraíodh leis an Stiúrtóireacht Náisiúnta um an mBainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála	399
Feasacht a Mhúscailt	Ionduchtúchán ar líne d'fhoireann nua taobh istigh (gráid riaracháin agus theicniúla)	1,103
Beartas um Chur i nGníomh – Clár Bainistíochta Bóithre	Dámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 7, bailíochtaithe ag SETU Cheatharlach, a forbraíodh le LASNTG, an Roinn Iompar, agus TII	40

Fíor 9: Oiliúint a Soláthraíodh in 2024

Torthaí

Thacaigh na struchtúir oiliúna dhaingne a cuireadh i bhfeidhm faoin bplean oiliúna nua 2024-2027 leis an oiliúint a soláthraíodh in 2024.

7 | Oiliúint agus Oideachas

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Comhaontú seirbhíse ilbhliantúil a choimeád leis an DECC chun maoiniú a fháil d'Oiliúint Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- An Plean Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe straitéiseacha agus oiliúint á soláthar cosúil le: CCMA, an LGMA, an SEAI, Climate Ireland, an IPA, an OPW agus Met Éireann, etc.
- Leanúint ag obair go dlúth le LASNTG chun oiliúint a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar agus creidiúnú oiliúna a fháil mar a theastaíonn uathu.

Léargas Ginearálta

Leanann CARO, le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an DECC), le forbairt agus soláthar Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a stiúradh. Tacaíonn an tionscnamh seo le forbairt acmhainní ar fud na hearnála trí Phlean Oiliúna an Chláir Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACATP) 2024-2027 a chur i bhfeidhm. Gníomhaíonn CARO an Oirthir agus Lár Tíre (CARO E&M) mar cheannasaí tionscadail don chlár oiliúna i ndlúthchomhar le comhpháirtithe straitéiseacha, CCMA, an LGMA, AILG, an SEAI, Climate Ireland, an IPA, an OPW, agus Met Éireann ina measc lena chinntiú go soláthraítear oiliúint ardchaighdeáin. Oibríonn siad go han-dlúth freisin le Grúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG) maidir le soláthar oiliúna. Tacaítear leis sin trí SLA idir Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Socraíodh an líon áiteanna a ceadaíodh faoi Phlean Oibre Chlár Oiliúna 2024 ag 2,450 duine.

Cuireann an DECC maoiniú ar fáil don chlár oiliúna agus ceadaítear gach bliain é trí chaiteachas vótáilte. Maoiniú ar leith é seo ón mbunmhaoiniú a dháiltear ar na CAROanna. Rialaíonn Comhaontú Seirbhíse (SLA) tiomnaithe idir an DECC agus Comhairle Contae Chill Dara, mar an t-údarás óstála do CARO E&M, an clár oiliúna. Dáilfear €500,000 gach bliain faoin SLA sin go dtí deireadh 2027.

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 5 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: €20,549.35

Éachtaí

An Plean Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2027

Síneadh an Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide (2020-2023) go dtí Márta 2024 agus d'éirigh leis 27,860 áit oiliúna a sholáthar do bhreis agus 23,000 rannpháirtí. Grúpa stiúrtha ardleibhéil, ar a ndearna ball de Choiste CATCEN maoirseacht ar ullmhú an chéad leagan eile de Phlean Oiliúna an LACATP 2024-2027, a cheadaigh Coiste CATCEN i mBealtaine agus a d'fhaomh CCMA an 17 Bealtaine.

Síníodh Comhaontú Seirbhíse (SLA) ilbhliantúil nua, leis an tionscnamh seo a mhaoiniú idir an DECC agus Comhairle Contae Chill Dara mar an Príomhúdarás do CARO E&M i Meitheamh, arbh é sin tús an dara céim d'oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide. Cinntíonn an comhaontú seo iarrachtaí leanúnacha forbartha acmhainní i measc Údaráis Áitiúla, a neartaíonn a gcumas straitéisí éifeachtacha aeráide a chur i bhfeidhm.

Síniú Chonradh Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide Thiobraid Árann agus Chill Dara

Chun tacú le hoiliúint a sholáthar i rith shaolré an phlean, síníodh an comhaontú idir Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Thiobraid Árann (LASNTG) Dé hAoine, an 22 Samhain ina dtugtar cuntas ar na socruithe idir an dá Údarás Áitiúil lena chur i bhfeidhm. Oibríonn CARO E&M i ndlúthchomhar le LASNTG maidir le hoiliúint a sholáthar.



Síniú Chonradh Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide Thiobraid Árann agus Chill Dara

Soláthar Oiliúna in 2024

Tosaíodh le hOiliúint ar Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil a sholáthar faoi phlean oiliúna nua an 1 Meitheamh le cúig chúrsa oiliúna inar díriodh ar bhaill thofa, an fhoireann taobh amuigh, foireann seirbhísí dóiteáin, foireann taobh istigh, foireann nua (ionductúchán) agus foireann bainistíochta bóithre. Cuireadh oiliúint ar fáil ar líne agus i bpearsan. Ba é an líon iomlán áiteanna oiliúna a soláthraíodh in 2024 go dtí an 31 Nollaig 4,110.

I measc na ngníomhaíochtaí eile a chur le forbairt oiliúna, bhí Grúpa Oiliúna Feidhmiúcháin a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna faoin bplean nua, Córas Bainistíochta Foghlama a sholáthar chun inrochtaineacht agus bainistíocht níos mó a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ginearálta oiliúna agus soláthair a chur ar fáil a bhaineann le hoiliúint a sholáthar amach anseo.

Bacainní

Socraíodh na líonta tuartha oiliúna faoi Phlean Oibre an Chláir Oiliúna ag 2,450 duine. Sáraíodh an líon seo agus soláthraíodh 3,869 áit oiliúna. Níor tháinig aon bhacainní aníos mar gheall gur soláthraíodh gach gníomhaíocht phleanáilte don bhliain 2024.

Pacáiste Oibre 5 Oiliúint agus Oideachas

Cás-Staidéar 11

An Plean Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2027



Cúlra

Aithnítear go bhfuil sé bunriachtanach chun feasacht agus acmhainn um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt chun tacú leis an ról ceannaireachta a theastaíonn chun dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Tá Oiliúint Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide bunriachtanach chun tacú le cumas agus eolas níos fearr laistigh den earnáil ina leith seo. Thionóil **CARO E&M** grúpa stiúrtha ildisciplíneach agus páirtithe leasmhara in Eanáir chun maoirseacht a dhéanamh ar agus tacú le plean oiliúna nua a fhorbairt ina dtreoraítear riachtanais agus tosaíochtaí oiliúna amach anseo i limistéar um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide.

An Gníomh a Rinneadh

- Tionóladh grúpa stiúrtha ildisciplíneach, ina dtugtar príomhpháirtithe leasmhara le chéile, iad seo a leanas san áireamh:
 - Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA).
 - An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC).
 - Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG).
 - An EPA/Climate Ireland, an SEAI, Met Éireann, an LGMA, LASNTG agus an Foras Riaracháin.
- Múnlaíodh an plean trí chomhairliúchán agus taighde forleathan tríd an méid a leanas a dhéanamh:
 - Athbhreithniú domhain ar oiliúint ar an aeráid ó 2021-2023.
 - Taighde agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil, suirbhéanna san áireamh ar Stiúrthóirí Seirbhíse, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigigh Oiliúna.
 - Suirbhé ar Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais.
 - Athbhreithniú tírdhreacha ar thairiscintí oiliúna reatha agus ar an gcomhthéacs beartais aeráide agus inbhuanaitheachta.
- Síníodh Comhaontú SLA €1.75m idir Comhairle Contae Chill Dara agus an DECC (an 1 Meitheamh), lena bhfuarthas tacaíocht airgeadais chun oiliúint a sholáthar.
- Síníodh Comhaontú Seirbhíse idir Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Thiobraid Árann (LASNTG) an 22 Samhain ina dtugtar cuntas ar fhreagrachtaí cur i bhfeidhm.
- Rinne an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN) an plean a cheadú agus d'fhaomh CCMA go foirmiúil é (an 17 Bealtaine).

Torthaí

Tugtar le chéile sa phlean oiliúna gnéithe agus breithnithe ríthábhachtacha lena chumasú oiliúint a sholáthar i rith a shaolré, go deireadh Nollaig 2027 agus áirítear leo creat oiliúna, rialachas, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, forbairt agus soláthar oiliúna. Mar chuid de seo, tá an cur i bhfeidhm á threorú ag Clár Oibre bhliantúla oiliúna ina rachfar i ngleic le ceistanna a bhaineann le spriocghrúpaí oiliúna, modh(anna) beartaithe soláthair, achair ama, buiséad measta, ábhar téamach/ábhar tásach, rio scai soláthair, agus rudaí a mbraitear orthu, acmhainní etc.

Pacáiste Oibre 5 Oiliúint agus Oideachas

Cás -Staidéar 12 Imeacht Oiliúna d'Fhoireann Aeráide an ÚÁ i Réigiún ASBN



Cúlra

Mar gheall ar líon mór foireann nua in **CARO ASBN** agus sna Foirne Aeráide sna cúig údarás áitiúla, cuireadh imeacht oiliúna agus líonraithe ar bun i gCathair na Mart i Samhain.

An Gníomh a Rinneadh

- Chuir CARO ASBN imeacht oiliúna agus líonraithe ar bun don Réigiún an 25 Samhain.
- Ba iad na téamaí don lá tionscnaimh mhaoinithe agus chur plandaí ar Thailte Poiblí.
- Rinneadh cuir i láthair ar Shamhlacha Maoinithe agus ag Coillte ar maidin.
- Bhí an lá idirghníomhach agus rinne gach Údarás Áitiúil Cás-Staidéar a chur i láthair ar “samhail mhaoinithe agus airgeadais a úsáid go rathúil”.
- Thug Coillte turas um thráthnóna ar Coill an Chornail atá i ngar don áit. Seanchoillearnach a bhíodh ann seo i dtosach ina raibh speicis dhúchasacha, ach tugadh crainn bhuaircíneacha choimhthíocha isteach sna 1960idí. Thosaigh Coillte idir 2019 agus 2024 leis na Crainn Bhuaircíneacha a bhaint go córasach agus speicis dhúchasacha a chur ina n-ionad agus siúláin a thabhairt isteach ar fud na coille. Tá an choill an-inrochtana ag Baile Chathair na Mart agus tá díol spéise breise déanta díobh anois.
- Cuireadh deireadh leis an lá le seisiún tobsmaointeoireachta lena fhiosrú conas a d'fhéadfaimis cumarsáid níos fearr a dhéanamh agus foghlaim níos fearr ó dhaoine eile ar fud ár réigiúin.

Torthaí

Ba lá an -dearfach é seo do neartú na foirniúlachta leis an bhfoireann Aeráide agus CARO sa réigiún. Chuir sé teagmhálaithe agus ardán ar fáil le haghaidh foghlaim chomhroinnte agus rannpháirtíocht bhreise.

8 | Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach



Pacáiste Oibre 6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Case Study 13 GAA Green Club Programme



Cúlra

Comhpháirtíocht straitéiseach é Clár na gCumann Glas CLG idir CLG agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) atá dírithe ar chomhchuspóir an ghníomhaithe pobail ar son na haeráide a bhaint amach. Tá Meabhrán Tuisceana mar bhonn leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach agus tá páirt lárnach ag CARO i soláthar agus oibriú an chlár laistigh d'Údarás Áitiúla. Glacann **CARO E&M** le príomhról i dtaobh an tionscnamh a sholáthar laistigh d'Údarás Áitiúla, a chinntíonn comhoibriú agus rannpháirtíocht.

An Gníomh a Rinneadh

- Ionadaíocht i nGrúpa Stiúrtha an Chláir.
- Comhordú Pointí Teagmhála Aonair Údarás Áitiúil. D'ainmnigh gach Údarás Áitiúil ar a laghad pointe teagmhála amháin chun tacú le cumainn rannpháirteacha.
- Sholáthair CARO E&M ábhair thosaigh do gach cumann.
- Chuir CARO E&M a seimineár gréasáin ar bun an 18 M.F. chun nuashonruithe a roinnt ar Chéim 3 agus comhpháirtíochtaí rathúla idir Údarás Áitiúla agus cumainn.
- Rinneadh ceiliúradh an 9 Samhain ag Imeacht Aitheantais Chéim 2 ag Páirc an Chrócaigh ar stádas Cumainn Ghlais a bhaint amach, inar taispeánadh tionscnaimh i bhfuinneamh, fuíolluisce, bithéagsúlacht, agus taisteal agus na tionscnaimh a leanas:
 - Fuinneamh: Painéil Fhótavoltacha Ghréine, uasghrádú LED, agus feabhsúcháin chlubthí atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh.
 - Dramhaíl: Buidéil in-athúsáidte, sconnaí taobh amuigh, agus malartú trealaimh chun ídiú a laghdú.
 - Taisteal inbhuanaithe: Racaí rothair, comhroinnt carranna, agus bealaí siúil/rothaíochta níos sábháilte.
 - Bithéagsúlacht: Plandaí a thacaíonn le pailneoirí a chur, crainn dhúchasacha chun scáth a chur ar fáil agus bainistíocht tuile.
- Seoladh Céim 3 ag an imeacht, agus beidh iarratais ar oscailt go dtí lár mhí Eanáir 2025.

Torthaí

Tá CARO E&M tiomanta i gcónaí do thacú le breis agus 400 cumann, a chinntíonn rannpháirtíocht leanúnach Údarás Áitiúil in inbhuanaitheacht pobail agus gníomhú ar son na haeráide a chothú.

8 | Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saor Saoránach

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Cumarsáid a chothú idir na CAROanna agus gach páirtí leasmhar ar leibhéal chontae, réigiúnacha, náisiúnta agus earnála.
- Suíomh gréasáin CARO a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta, míreanna rialta nuachta, cás-staidéir ÚÁ, athbhreithniú ar an mol eolais agus cothabháil ghinearálta ina measc.
- Tacú le Plé Náisiúnta, Comhrá Pobail ar an Aeráid agus tionscnaimh Litearthachta Aeráide.
- Tacú le hÚdaráis Áitiúla trí ábhar agus brandáil a sholáthar chun cabhrú leo chun cur i
- bhfeidhm a bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide a chur in iúl.

Léargas Ginearálta

Tá CARO tiomanta i gcónaí don chumarsáid a neartú le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal chontae, réigiúnacha, náisiúnta, agus earnála, a chinntíonn go ndéantar idirchaidreamh agus ailíniú leanúnach le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Glacann suíomh gréasáin CARO a chothabháil agus a nuashonrú le ról ríthábhachtach san iarracht seo, ina soláthraítear nuashonruithe rialta nuachta, cás-staidéir ÚÁ agus mol eolais chun tacú le foireann Údaráis Áitiúil. De bhreis air sin, tacaíonn CARO go gníomhach leis an bPlé Náisiúnta, Comhrá Pobail ar an Aeráid agus tionscnaimh Litearthachta Aeráide, ina gcuirtear feasacht ar an aeráid agus rannpháirtíocht i mbeartas chun cinn. Leantar le tús áite a thabhairt do chabhrú le hÚdaráis Áitiúla chun brandáil agus ábhar a fhorbairt chun dul chun cinn ar chur i bhfeidhm a bPleananna um Ghníomhú ar son na haeráide a chur in iúl le for-rochtain agus rannpháirtíocht an phobail éifeachtach a chinntiú.

Léargas Ginear Ginearálta ar Chaitheamh an Tionscadail

Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 6 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: €9,894.60

Éachtaí

Clár na gCumann Glas CLG a Neartú

Leanann CARO le ról ríthábhachtach a ghlacadh i dtacú le Clár na gCumann Glas CLG, atá anois i gCéim 2, agus tá sraitheanna straitéisí téamacha á dtástáil ag 200 cumann, is iad sin, Fuinneamh, Dramhaíl, Uisce, Bithéagsúlacht, agus Taisteal. Cheap Údaráis Áitiúla Pointí Teagmhála chun cabhrú le cumainn tionscadail inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm, a chinntíonn comhordú agus treoir láidir.

Leanann CARO de pháirt ghníomhach a ghlacadh, agus tacaíocht á tabhairt d'Údaráis Áitiúla agus iad ag comhoibriú san am céanna le CLG agus comhpháirtithe saineolacha chun barr feabhais a chur ar thionchar an chláir. Éascaíodh roinnt eolais agus forbairt straitéise i seimineár gréasáin i Meán Fómhair. Oibreoidh CARO go dlúth le páirtithe leasmhara le dul chun cinn Chéim 3 a chumasú in 2025.

Gníomhú Aoisbháúil ar son na hAeráide a Thabhairt chun Cinn

Lean CARO, i gcomhar le hAoisbhá Éireann (AFI), le Ceardlanna um Gníomhú Aoisbháúil ar son na hAeráide a stiúradh, a chinntíonn go mbíonn an daonra níos sine páirteach i gcónaí in iarrachtaí teacht aniar aeráide. Cuirtear deiseanna foghlama inrochtana atá saincheaptha do dhaoine agus do phobail bhreacaosta ar fáil sa tsamhail oiliúna hibridí, ina gcuirtear ceardlanna i bpearsan agus fíorúla ar bun.

Garsprioc mhór a bhí sa cheardlann a cuireadh ar bun i rith Sheachtain um Gníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair, a neartaigh tiomantas CARO DM d'oidreachas ionchuimsitheach aeráide. Ag cur leis an rath sin, tá ceardlanna breise ar na bacáin do ráithe 1 2025 chun for-rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú.

Comhchruthú agus Gníomhú ar son na hAeráide a Chur chun Tosaigh

Leanann CARO ASBN, i gcomhoibriú le UG, Energy Cooperatives Ireland, Volunteer Ireland agus Údaráis Áitiúla ar fud réigiún ASBN, leis an Tionscadal Climate Connected a chur chun cinn. Cuirfidh an tionscnamh seo sraith straitéisí dhinimiciúil ar fáil le pobail a chumasú dul i mbun gnímh trí loirg charbóin a laghdú, coistí dícharbónaithe a bhunú, agus Pleananna Áitiúla um Gníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt.

Beidh suíomh gréasáin tiomnaithe ag an tionscadal (climateconnected.ie) a fheidhmeoidh mar mhol roinnte eolais ar chás-staidéir aonair agus phobalbhunaithe. Tagann an tionscnamh seo le Pleananna Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ) agus straitéisí DZ agus tacaíonn pobail ainmnithe chreasa dícharbónaithe (Oileáin Árann, an Mhala Raithní), an earnáil dheonach, agus CARO ASBN leis.



Comhchruthú an Tionscadail Climate Connected

Baill de ghrúpa stiúrtha an tionscadail iad CARO ASBN, a chinntíonn comhoibriú páirtithe leasmhara agus tacaíocht do chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag obair ar uirlisí a chuíchóiriú agus inrochtaineacht a fhairsingiú, agus tá an tionscadal le críochnú faoi dheireadh na bliana 2025, a chothóidh teacht aniar aeráide faoi stiúir an phobail.

Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath

D'éirigh le CARO DM, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus Codema – Gníomhaireacht Fuinnimh Baile Átha Cliath, clár imeachtaí a eagrú do Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (an 9-15 Meán Fómhair).

Ba é an príomhchuspóir ceangail a threisiú idir grúpaí pobail, gnólachtaí, agus eagraíochtaí agus tionscnaimh aeráide faoi stiúir an Údaráis Áitiúil ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath á dtaispeáint. Príomhimeacht a d'éascaigh CARO a bhí sa Lá Gairmeacha Beatha Aeráide, áit ar chuir mic léinn gairmithe aeráide faoi agallamh agus inar chomhoibrigh siad le foireann ó gach ceann de na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath chun dul i ngleic le dúshlán aeráide faoi leith.



Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2024

ASBS CARO Climate Action engagement at Munster Agricultural Society Cork Show

In mid-June the team from ASBS CARO had a stand at the Munster Agricultural Society Cork Show, at the showgrounds just outside Cork City. The event was attended by over 40,000 people over the two days and the stand, housed in the Cork County Council Marquee was extremely busy. The stand included simple experiments about the science of climate change and the impacts of sea level rise on coastal counties. The attractions at the stand proved very popular with children and parents from agricultural and non-agricultural backgrounds, who engaged in conversation on climate change issues. Elected members, TDs and the Tánaiste were all visitors to the stand and engaged with CARO staff.

Pacáiste Oibre 6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Cás -Staidéar 14

Acmhainní Cumarsáide d'Údaráis Áitiúla chun Cás-Staidéir a Chur chun Cinn



Cúlra

D'aithin **CARO ASBS** an gá le hacmhainní cumarsáide a fhorbairt d'Údaráis Áitiúla (ÚÁanna), ina ndírítear ar chás-staidéir ar ghníomhú ar son na haeráide. Príomhchuspóir a bhí in ábhar suimiúil agus eolasach físeán a chruthú ina dtugtar chun solais tionscnaimh inbhuanaithe agus a thacaíonn le feasacht níos fairsinge.

An Gníomh a Rinneadh

- Ceannaíodh trealamh físe agus bogearraí eagarthóireachta chun tacú le cruthú ábhair intí.
- Taifeadh agus cruthaíodh físeán go hiomlán intí ina dtaispeántar [painéil ghréine ag Saotharlann Cáilíochta Uisce Chomhairle Contae Chorcaí cáilíocht](#) agus [céad nZEB Chomhairle Contae Chiarraí \(Foirgneamh beagnach Neodrach ó thaobh Fuinnimh\) atá lonnaithe ag an bpríomhchampas ag Ráth Teas i dTrá Lí.](#)
- Forbraíodh inniúlacht foirne i bhfísléiriú agus eagarthóireacht trí thaithí theagmhálach.
- Bunaíodh pleananna chun an t-ábhar físeán a leathnú go mór in 2025, ina ndírítear ar thionscnaimh éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide.
- Roinneadh píosaí scannáin a rinne trí foireann ASBS a thaifeadh le Rannóg Cumarsáide an DECC, a chuir an t-ábhar le chéile d'fhíseán atá le heisiúint in 2025.

Torthaí

Nearthaigh seo straitéisí cumarsáide ÚÁ trí scéalaíocht spreagúil amhairc agus feasacht mhéadaithe ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide agus trí rannpháirtíocht an phobail a chothú. D'éascaigh sé freisin solúbthacht trí acmhainn físléirithe inmheánach a bheith ann, a lig d'ábhar a chruthú go leanúnach gan tacaíocht sheachtrach.



Seastán ASBS Chorcaí ag Taispeántas Chumann Talmhaíochta na Mumhan i gCorcaigh

Straitéis Cumarsáide

Thosaigh CARO athbhreithniú cuimsitheach ar a Straitéis Cumarsáide, atá dírithe ar fheabhas a chur ar idirghníomhú for-rochtana agus páirtithe leasmhara, ceangal níos láidre a chur chun cinn idir CARO agus a chomhpháirtithe. Bunaíodh foghrúpa tiomnaithe chun an obair seo a thabhairt chun cinn in 2025 i ndiaidh Athbhreithniú CARO.

Athbhreithniú ar Shuíomh Gréasáin CARO

Thug CARO ASBN buarthaí maidir le tacaíocht Ardáin don suíomh gréasáin le fios don CMG. Thosaigh siad, ina dhiaidh sin, suirbhé cuimsitheach ar fhoireann ÚA agus CARO ar ábhar CARO.ie lena chinntiú go leanann an suíomh gréasáin de bheith ina acmhainn éifeachtach d'fhoireann Údaráis Áitiúil agus do lucht éisteachta eile. Bailíodh aiseolas sa suirbhé seo ar úsáideoirí ar fheidhmiúlacht, inrochtaineacht, agus rannpháirtíocht an tsuímh, agus rinneadh measúnú ar chostais óstála agus oibríochtúla chun inbhuanaitheacht a fheabhsú.

Scrúdaíodh san athbhreithniú chomh maith monatóireacht agus tuairiscí ar ghníomhartha an CAP ÚA, agus é ina aidhm meicníocht thiomnaithe rianaithe a chomhcheangal le trédhearcacht agus comhoibriú ar fud na hearnála tríd an suíomh gréasáin a fheabhsú. Rinneadh taighde lena dheimhniú an bhféadfaí an bunachar sonraí agus an uirlis tuairiscithe reatha, NEMIS, atá á óstáil ag an LMGa, a úsáid. Tugadh le fios i dtorthaí an fhoghrúpa nach raibh seo indéanta, agus go dteastaíonn uirlis eile. Ag cur leis an léargas sin, beartaíonn CARO ASBN tabhairt faoi chleachtadh scóipeála in 2025 chun measúnú a dhéanamh ar an tsineirge theicneolaíochta idir an suíomh gréasáin agus uirlisí tuairiscithe sula leanfar ar aghaidh leis an athfhorbairt. Tá CARO tiomanta i gcónaí d'ardán digiteach cuíchóirithe, atá dírithe ar an úsáideoir, atá inrochtana gan stró a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide a chomhordú ar gach leibhéal.

Ag Tacú leis an gClár um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide

Thacaigh CARO ASBN in 2024 leis an gClár/Ciste um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide nua a thabhairt isteach i gcomhar leis an Oifigeach Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide (CCAO) i gComhairle Contae Mhaigh Eo. Dréachtaíodh príomhdhoiciméid chláir mar chuid den tacaíocht sin – cosúil leis an bhfoirm iarratais, an fhoirm mheasúnaithe, agus an conradh maoinithe – a cuireadh ar fáil ina dhiaidh sin trí líonra níos fairsinge an CCAO. Chuir CARO ASBN chomh maith leis an bpróiseas measúnaithe trí pháirt a ghlacadh i gcoiste faofa an Údaráis

Áitiúil. Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do chur i bhfeidhm, chinntigh na CAROanna gur cuireadh na CCAOanna i gcrúinnithe agus imeachtaí líonraithe rialta na Foirne Aeráide Údaráis Áitiúil ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Bacainní

Bhí dúshlán roimh CARO i dtaobh ardáin dhigiteacha, acmhainní foirne, agus ailíniú straitéiseach a chothabháil mar gheall ar shrianta buiséid agus creataí beartais atá ag teacht chun cinn.

- Stopadh Nuachtlitir CARO tar éis gur tugadh le fios in aiseolas gur bhain ábharthacht laghdaithe agus lucht léitheoireachta beag léi.
- Tugadh ábhar suímh gréasáin as dáta le fios mar cheist sheasmhach, agus tá seo nasctha leis an ngá atá le foireann thiomnaithe le nuashonruithe agus ábhar bainteach a chinntiú.
- Leantar le tús áite a thabhairt d'aistriú go hardán nua suímh gréasáin ach teastóidh maoiniú mór uaidh sin.
- Bhí cuar leathan foghlama ann maidir leis an trealamh físeáin agus bogearraí nua eagarthóireachta a ceannaíodh le déanaí a úsáid agus chuir seo moill ar ábhar éifeachtach a chruthú.
- Cuireadh an Straitéis Cumarsáide ar fionraí ar feitheamh thoradh Athbhreithniú CARO maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh ról poiblí ag CARO chomh maith le ról mar Údarás Áitiúil. Imríonn seo tionchar freisin ar leagan amach an tsuímh gréasáin mar gheall go bhfuil Gné Phoiblí agus Tairseach ÚÁ aige faoi láthair.



Imeacht Líonraithe Náisiúnta CARO, an Clár

Pacáiste Oibre 6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Cás -Staidéar 15 Minority report – Uirlis Dhigiteach do Theacht Aniar



Cúlra

Tá teacht aniar aeráide na hÉireann á chur chun cinn ag an Tionscadal Minority Report trí thacú le forbairt agus soláthar Chríos Dícharbónaithe (DZ) na Rinne/an Phoill Bhig. Pléitear sa tionscnamh seo rioscaí aeráide amach anseo a bhaineann le príomhbhonneagar, a chinntíonn go mbíonn limistéir uirbeacha ullamh do dhúshláin drochaimsire agus chomhshaoil. Trí chomhoibriú idirdhisciplíneach, tá uirlisí digiteacha atá dírithe ar dhaoine á bhforbairt ag an Tionscadal Minority Report a fheabhsóidh - 1) Straitéisí maolaithe athraithe aeráide, 2) Teacht aniar nádúrtha ó riosca i soláthar foirgneamh leochaileach, agus 3) Réitigh faoi stiúir ina gcomhtháthaítear clíomeolaíocht uirbeach, teicneolaíocht foirgneamh, eolaíocht shóisialta, agus bainistíocht tubaiste. Cuirtear léargas praiticiúil ar fáil sna modheolaíochtaí digiteacha seo don lucht déanta beartas, planálaithe uirbeacha, agus pobail, ina leagtar an bhunchloch chun bonneagar a oiriúnú go hinbhuanaithe.

An Gníomh a Rinneadh

- Ghlac **CARO DM**, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le príomhról i dtorthaí a scaipeadh ón tionscadal chun tacú le cur i bhfeidhm níos fairsinge an Chreasa Dícharbónaithe.

Torthaí

Trí léargas faoi stiúir taighde a ghairáil, cinntítear leis an tionscnamh seo go bhfuil teacht ag Údarás Áitiúla, forbróirí uirbeacha, agus an lucht déanta beartas ar réitigh cheannródaíochta ar oiriúnú aeráide agus forbairt teacht aniar. Cuirfidh torthaí [Minority Report](#) le straitéisí DZ amach anseo a mhúnlú, a neartóidh ceannaireacht na hÉireann in inbhuanaitheacht uirbeach.

9 | Forbairt Eolais



Pacáiste Oibre 7 Forbairt Eolais

Cás -Staidéar 16

Misean an AE do 100 Cathair atá Neodrach ó thaobh na hAer áide de agus Cliste



Cúlra

Tá páirt ghníomhach ag Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí i Misean an AE do 100 Neodrach ó thaobh na hAeráide de agus Cliste, le tacaíocht straitéiseach ó Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath (CARO DM). Tá mar aidhm ag an tionscnamh AE seo dlús a chur le gníomhú uirbeach ar son na haeráide trí chonradh cathrach aeráide a fhorbairt a fheidhmíonn mar threochlár aistrithe ina n-úsáidtear bealaí éagsúla chun gníomhú a bhrostu chun aeráidneodracht a bhaint amach.

An Gníomh a Rinneadh

- Bhí baint lárnach maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath ag CARO DM ina Chonradh Cathrach Aeráide a fhorbairt, ina dtugtar cuntas ar phlean gníomhaíochta agus plan infheistíochta cuimsitheach. Tugtar chun solais i gConarthaí Cathrach Aeráide na gCathracha dúshláin bheartais agus cur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúla, náisiúnta, agus AE, agus cuirtear treochlár ar fáil iontu chun aeráidneodracht a bhaint amach nach ndéanann aon díobháil trí bhacainní a sháru.
- D'éirigh le Cathracha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí maoiniú a fháil do BUILD CAPACITIES, comhthionscadal píolótach cathrach a tosaíodh i Meán Fómhair. Tá an tionscadal ceaptha an bealach a chomhoibríonn rialtais chathrach agus a chomhtháthaíonn siad gníomhú ar son na haeráide trí dhul i ngleic leis an méid a leanas:
 - Comhordú inmheánach i measc ranna agus disciplíní.
 - Idirchaidreamh le comhlachtaí náisiúnta rialtais agus poiblí.
 - Comhoibriú leis an saol acadúil, gnólachtaí, agus pobail áitiúla.
- Tá an bhunchloch á leagan ag BUILD CAPACITIES trí na hiarrachtaí seo do bhunathrú sistéamach a theastaíonn ó gníomhú ar son na haeráide, a chinntíonn go leabaítear aeráidneodracht i rialachas uirbeach.

Torthaí

Dírítear sa chlár píolótach ar léargas uirbeach iompraíochta a chur i bhfeidhm ar bheartas aeráide agus ar chinnteoireacht agus bunathrú éifeachtach a chothú. Cuirfear an m-éid a foghlaimíodh ón tionscnamh seo in iúl go fairsing le tionchar a imirt ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. Trí thacú leis na cathracha seo i Misean an AE, glacann CARO DM le ról ríthábhachtach i gcathracha cliste a bhrostu. [Misean an AE do 100 Cathair atá Neodrach ó thaobh na hAeráide agus Cliste Cliste.](#)

9 | Forbairt Eolais

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Comhoibriú le hinstiúidí 3ú leibhéal thar ceann na hearnála rialtais áitiúil i limistéir a bhaineann le taighde agus tionscnaimh ar ghníomhú ar son na haeráide
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde, grúpaí stiúrtha, grúpaí oibre agus measúnuithe ábhartha, faoi mar is cuí
- Páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhordaithe Taighde Aeráide an EPA

Léargas

Príomhluach na CAROanna é coinneáil cothrom le dáta ar Eolas agus Beartais Aeráide agus an t-eolas sin a scaipeadh. Teastaíonn díriú leanúnach uaidh seo ar iarrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide trí chomhoibriú, taighde, agus rannpháirtíocht straitéiseach a chothú chun athrú a imríonn tionchar a chur chun cinn. Is í an aidhm, trí chomhpháirtíochtaí le hinstiúidí tríú leibhéal agus rannpháirtíocht i bpríomhthionscnaimh thaighde, a chinntiú go leanann an earnáil rialtais áitiúil de bheith cothrom le dáta agus ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide. Déanann baint ghníomhach i ngrúpaí stiúrtha, grúpaí oibre, agus i measúnuithe an bunachar eolais agus an próiseas cinnteoireachta sa spás seo a neartú níos mó.

Overview of Project Spend

*Caitheamh ar phríomhthionscadail faoi WP 7 in 2024, gan costais agus caiteachas foirne a áireamh: **€1,344***

Éachtaí

Fardal Inrochtana Maoinithe

Rinne CARO DM dul chun cinn i dtaobh an maoiniú atá ar fáil a aithint laistigh de thírdhreach maoinithe síorathraitheach. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar [an bhfardal deiseanna maoinithe](#) ar shuíomh gréasáin CARO, a chinntíonn go mbíonn an t-eolas is baintí agus is cothroime le dáta ag páirtithe leasmhara chun tacú le cinnteoireacht eolasach ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.

Cúnant na Méaraí

Cuireadh deiseanna luachmhara ar fáil chun eolas agus taithí a mhalartú le cathracha eile, a rinne an comhchur chuige i leith teacht aniar aeráide a shaibhriú níos mó mar thoradh ar idirchaidreamh CARO le Cúnant na Méaraí agus Misin an AE i gcaitheamh na bliana.

Misean um Oiriúnú an AE

Chuir idirchaidreamh le Misin um Oiriúnú an AE deiseanna ar fáil chun dul i ngleic le dúshláin oiriúnaithe atá roimh Éirinn trí idirchaidreamh saineolaithe le Ceisteanna Aeráide.



Bacainní

Is gnách go ndéantar idirchaidreamh le hinstiúidí tríú leibhéal i bhfoirm comhpháirtíochtaí nó comhpháirtithe i dtionscadail mhaoinithe. Cé go bhfuil go leor de na tionscadail seo an-spéisiúil agus ábhartha, d'fhéadfadh go leor ama a bheith ag teastáil chun a bheith bainteach ó chéim an iarratais agus i nGrúpa Stiúrtha an Tionscadail. Is féidir leis seo a bheith ina bhacainn ar pháirt a ghlacadh i dtionscadail eile mar gheall ar na foirne beaga sna CAROanna.

D'fhéadfadh maoiniú do thionscadail bheaga a bhaineann le taighde a bheith ina cheist freisin mar gheall go maoinítear CARO go príomha mar acmhainn foirne. Tá an oiread sin tionscadail fhéideartha ann chomh maith gur gá a bheith ábalta iad a chatagóiriú de réir ábharthachta agus áisiúlachta. Ar deireadh, teastaíonn foireann thiomnaithe chun coinneáil cothrom le dáta ar na Tionscadail agus na Tionscadail Taighde atá ar fáil agus níl an fhoireann sin ar fáil faoi láthair. Tá mic léinn á n-úsáid ag na CAROanna, nuair is féidir, chun tacú leis an obair seo.



“WalkShop” Sheachtain um Gníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath

Pacáiste Oibre 7 Forbairt Eolais

Cás -Staidéar 17 Tionscadal Píolótach na nDíonta Glasa



Cúlra

Fiosraíodh i dTionscadal Píolótach na nDíonta Glasa, faoi stiúir CARO DM i gcomhoibriú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), AquaRoot Technologies Ltd, agus Energy Harvesting Solutions Ltd, réitigh dhúlrbhunaithe (NbSanna) chun rith chun srutha uirbeach a bhainistiú. Bhí mar aidhm ag an tionscnamh measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras díonta glasa chun riosca i gcás tuilte a laghdú agus teacht aniar uirbeach a fheabhsú.

An Gníomh a Rinneadh

- Cuireadh teicneolaíocht mhonatóireachta díonta glasa isteach i rith 2024 ag suíomhanna iomadúla ar fud Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh léargas faoi stiúir sonraí do phleanáil comhshaoil uirbeach ar fáil sa staidéar trí shamhlacha meaisínfhoghlama agus ardtomhais theagmhasbhunaithe a úsáid.
- Tugadh chun solais sna príomhthorthaí go ndéanann díonta glasa:
 - An méid uisce a ritheann chun srutha a laghdú, a laghdaíonn brú ar chórais draenála
 - Moill a chur ar an mbuaicshreabhadh, a choisceann borradh tobann i rith báisteach throm
 - Teacht aniar uirbeach a fheabhsú, a chuireann straitéisí inbhuanaithe bainistíochta tuile ar fáil

Torthaí

Leagtar béim air sa taighde gur féidir le díonta glasa a bheith ina réitigh inscálaithe oiriúnaithe aeráide, a thagann le spriocanna inbhuanaitheachta áitiúla agus náisiúnta. Scaipfead léargas ón gclár píolótach seo i measc Údaráis Áitiúla, a chuirfidh bon n eolais faoi phleanáil uirbeach agus teacht aniar aeráide amach anseo. [Tuarascáil ar Thionscadal Píolótach na nDíonta Glasa Glasa.](#)

Aguisíní



Aguisín 1 Clár Oibre 2024 CARO

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn a rinneadh ar ghníomhartha laistigh de Chlár Oibre 2024. Tugadh gníomhartha ábhartha nach ndeachthas i ngleic leo anonn isteach i gClár Oibre 2025. Anuas air sin, leantar le roinnt gníomhartha a thabhairt chun cinn trí rannpháirtíocht CARO i ngrúpaí comhairleacha agus oibre éagsúla.

Pacáiste Oibre 1: Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Cloí le struchtúir rialachais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chinntiú.
- Tacaíocht a sholáthar do CCMA chun an straitéis Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030 a chur i bhfeidhm, saincheisteanna ina measc cosúil le struchtúir áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide, acmhainní breise a earcú etc.
- Caidreamh a chothú leis na Tionóil Réigiúnacha trí na grúpaí stiúrtha réigiúnacha
- Caidreamh a chothú le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DECC, SEAI, EPA, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann, Gníomhaireachtaí Fuinnimh, OPW, etc.
- Leanúint ag tacú le ÚÁanna chun an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm
- Saincheisteanna rialachais eile a d'fhéadfadh CCMA agus/nó an DECC a iarraidh trí choistí agus cainéil ábhartha

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Leanúint ag tacú le struchtúir rialachais CARO		
1.1	Dréachtú agus ionchur isteach i dtuarascálacha, miontuairiscí, cuir i láthair etc. <ul style="list-style-type: none"> • An Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (CCMA-DECC) x 4 • Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara x 4 • Cruinnithe Ghrúpa Bainistíochta CARO x 4 • Cruinnithe Comhordaitheoirí (gach seachtain) • Cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh x 6 (CARO DM: 4 sa bhliain) (agus ar leibhéal foréigiúnach x 6 – CARO E&M) • Cruinnithe inmheánacha foirne CARO • Cruinniú Náisiúnta CARO x 1 • Cruinnithe Grúpa Oibre (e.g. Grúpa Oibre Cumarsáide). • Riachtanais rialachais Údaráis Áitiúil a óstáil go himmheánach 	Cás Gnó CARO, Comhaontú Seirbhíse CARO 2023-2029, Plean Corparáideach agus Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil an ÚÁ a Stiúradh	Freastal ar chruinnithe ar an leibhéal oiriúnach sinsearachta agus páipéar/doiciméid a scaipeadh go tráthúil
1.2	Tacaíocht oiriúnach riaracháin, buiséadaithe, tuairiscithe airgeadais agus lóistíochtúil a thabhairt do chomhpháirtithe ábhartha CARO agus eile mar a theastaíonn.		Inrianaithe/ Idirghníomhú na tuarascála.
2	Idirchaidreamh gníomhach a dhéanamh le hathbhreithniú seachtrach ráithe 3 2024 ar CARO	Cás Gnó CARO (bunúil), DECA2030, CAP2023, Treoirlínte an CAP ÚÁ, SLA CARO	Inrianaithe
3	Ionchur a sholáthar i gcomhairliúcháin rialtais agus earnála nuair is cuí agus a iarrann an SIG/CCMA	Limistéir bheartais éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide	Inrianaithe

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
4	Caidreamh a fhorbairt agus a chothú le comhpháirtithe straitéiseacha		
4.1	Caidreamh a chothú le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DECC, SEAI, EPA, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann, Gníomhaireachtaí Fuinnimh, OPW, LAWPRO, WERLA, Tionóil Réigiúnacha etc.	Limistéir bheartais éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide	Inrianaithe
4.2	Caidreamh trasteorann a chothú agus tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide trasteorann a chur chun cinn, cosúil le: <ul style="list-style-type: none"> Caidreamh a fhorbairt le Solace NI agus cuidiú le Comhdháil um Ghníomhú ar son na hAeráide Cooperation Ireland a sholáthar (níor chuir Cooperation Ireland aon imeachtaí ar siúl in 2024 mar gheall ar mhoilleanna leanúnacha polaitiúla, agus níl aon dul chun cinn le tuairisciú). Ceangal le tionscadail Shnáithe 1A an CCAP a scrúdú Tacú le comhpháirtíocht Dhún na nGall/Dhoire-an tSratha Báin um ghníomhú ar son na haeráide. Ciste an Oileáin Chomhroinnte 	Limistéir bheartais éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide	Inrianaithe
5	Bainistiú tionscadail a dhéanamh ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm táscairí toraidh um ghníomhú ar son na haeráide leis an nGrúpa Oibre KPlanna um Ghníomhú ar son na hAeráide		
5.1	Bainistiú tionscadail a dhéanamh ar fhorbairt KPlanna agus bailithe sonraí, i gcomhoibriú le haonad taighde an LGMA, chun feidhmíocht um Ghníomhú ar son na haeráide a scrúdú agus tacú léi i measc príomhlímitéir feidhme Údarás Áitiúil, ar aon dul le DECA 2030.	Limistéir bheartais éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide	Inrianaithe
5.2	Torthaí a thuairisciú ag eatraimh rialta do Choiste CATCEN CCMA, lena bhformhuiniú agus chun eolas a chur ar fáil do bhailiú sonraí amach anseo.	Limistéir bheartais éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide	Inrianaithe
6	Athbhreithniú agus nuashonrú ar an gCairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide		
6.1	Athbhreithniú agus nuashonrú ar an gCairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide		Inrianaithe
6.2	Leagan nuashonraithe den chairt reatha a thagann le: spriocanna 2030/2050; beartas rialtais um ghníomhú ar son na haeráide; sainordú na hearnála poiblí		Inrianaithe
6.3	Leagan nuashonraithe den chairt reatha a thagann le: spriocanna 2030/2050; beartas rialtais um ghníomhú ar son na haeráide; sainordú na hearnála poiblí		Inrianaithe
7	An t-eolas agus na nuashonruithe uile a sholáthar don Roinn a iarrtar go réasúnta ar bhealach tráthúil, ceisteanna parlaiminte san áireamh, ábhar cruinnithe faisnéise a ullmhú, nó ceanglais idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta tuairiscithe a chomhlíonadh.		Inrianaithe

Pacáiste Oibre 2: Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Tacú le gach Údarás Áitiúil chun a bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a ghlacadh mar fhreagairt don Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021
- Tacú le hÚdaráis Áitiúla na pleananna seo a chur i bhfeidhm agus freagairt chomhordaithe a chinntiú ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus eanála
- Tacú le comhordú agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha
- Comhordú réigiúnach a chinntiú i leith pleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus dúbláil iarrachta sa phróiseas seo a laghdú

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Tacú le CAPanna ÚÁ a chur i bhfeidhm. Cabhrú le hacmhainn a fhorbairt agus a choinneáil laistigh de ÚÁanna chun CAPanna ÚÁ agus na Pleananna um Chur i bhFeidhm DZ a chur i gcrích agus a sholáthar. Áireofar leis seo tacaíocht, comhairle agus treoir a sholáthar do ÚÁanna agus comhordú le Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil.	An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021	
1.1	Tacú le forbairt agus agus tabhairt isteach leanúnach oiliúna agus ceardlann (náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach agus áitiúil) i measc Údaráis Áitiúla maidir le cur i bhfeidhm, tuairisciú agus gníomhachtú maoinithe.		Inrianaithe
1.2	Creatchonrthaí a bhunú agus a choinneáil chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla maidir le CAP ÚÁ a sholáthar agus a chur i bhfeidhm.		Inrianaithe
1.3	Imeachtaí líonraithe agus forbartha acmhainní a eagrú agus a chur ar bun maidir le limistéir ábhair bhainteacha a bhaineann le beartas aeráide náisiúnta agus an rialtas áitiúil, CAPanna ÚÁ agus DZanna a chur i bhfeidhm, tuairisciú agus gníomhachtú maoinithe etc.		Inrianaithe
1.4	Oiliúint cruinnithe réigiúnacha, tacaíocht earcaíochta etc. a chomhordú.		Inrianaithe
3	Athbhreithniú a dhéanamh ar gach gníomh an CAP ÚÁ chun príomhlímistéir thosaíochta a dheimhniú, comhordú a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm agus bonn eolais a chur faoi rannpháirteachas le páirtithe leasmhara		
3.1	Comóntacht i dtéamaí, limistéir fócais agus gníomhartha a aithint trí bhunachar sonraí láraithe		Inrianaithe
3.2	Tuarascáil a fhorbairt ina bhfuil caibidlí ar roghnaigh páirtithe leasmhara eanála téamaí dóibh		Inrianaithe
3.3	Doiciméad achoimre CAPanna ÚÁ a fhorbairt do gach eanáil - Fardal Gníomhartha		Inrianaithe
3.4	Dea-chleachtas agus samplaí nuálaíochta a aithint ón athbhreithniú ar thuairisciú ar CAP ÚÁ, agus iad siúd a scaipeadh ar fud na hearnála trí rannpháirteachas idir piaraí		Inrianaithe
4	Gach gníomh DZ a athbhreithniú chun eolas a chur ar fáil do phríomhlímistéir thosaíochta agus tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach Criosanna Dícharbónaithe		
4.1	Comóntacht i gclár na ndeiseanna, limistéir fócais agus gníomhartha a aithint trí bhunachar sonraí láraithe agus é seo a úsáid chun eolas a chur ar fáil do threoir, comhordú agus aon fhoinsí maoinithe spriocdhírthe.		Inrianaithe

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
4.2	Cur leis an nGrúpa Gníomhaíochta DZ a bhunóidh an DECC		Inrianaithe
4.3	Doiciméad achoimre CAPanna ÚÁ a fhorbairt do gach earnáil - Fardal Gníomhartha		
5	Obair leis an DECC chun tacú le comhordú agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha		
5.1	Obair le struchtúir rialachais réigiúnacha agus náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide chun cumarsáid agus rannpháirtíocht i measc ÚÁanna, gníomhaireachtaí stáit, ranna agus páirtithe leasmhara seachtracha a éascú chun tacú leis na CAPanna ÚÁ	DECA 2030	
5.2	Tacú le comhordú réigiúnach do ghníomhartha comhroinnte/cosúla le hailíniú, agus sineirgí idir, CAPanna ÚÁ a chinntiú do ÚÁanna a dhéanann teorainn lena chéile		Inrianaithe
5.3	Idirchaidreamh a dhéanamh le ranna/gníomhaireachtaí maidir leis na Pleananna um Oiriúnú Earnála a sholáthraíonn siad, an t-athbhreithniú ar an gCreat um Oiriúnú Náisiúnta agus an CAP chun breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh na CAPanna ÚÁ tacú le gníomhartha bainteacha.		Inrianaithe
5.4	Fóram a bhunú le príomhpháirtithe leasmhara chun an t-idirghníomhú a phlé agus a shoiléiriú idir pleanáil spásúlachta agus CAPanna ÚÁ i gcomhthéacs an Bhille um Pleanáil agus Forbairt (2023).		Inrianaithe
6	Cabhrú le gníomhartha náisiúnta agus earnála a aithint agus a thuiscint a bhfuil breithniú le déanamh ag ÚÁanna orthu agus CAPanna ÚÁ á gcur i bhfeidhm		
6.1	Gníomhartha ÚÁ a aithint in CAP2024 (agus in athbhreithnithe bliantúla) a bhfuil ÚÁanna go hiomlán cuntasach dóibh agus cuidiú leis an earnáil a thuiscint conas a d'fhéadfaidís siúd a bheith bainteach le gníomhartha ina CAP ÚÁ (2024-2029), i.e. <ul style="list-style-type: none"> Measúnú a dhéanamh ar CAP2024 agus ar impleachtaí don earnáil ÚÁ ar aon dul le mairtís freagrachta na Treoracha maidir le CAP ÚÁ Treoir a chur le chéile agus scaipeadh ar ÚÁanna maidir lena bhfreagrachtaí faoi CAP24 agus conas mar a bhaineann sé le CAPanna ÚÁ [aontú ar bhrandáil/séanadh leis an DECC] 	CAP2024+	Inrianaithe
6.2	Cabhrú le feidhmeanna agus seirbhísí ÚÁ a aithint ar féidir le tionchar a imirt ar agus tacú le gníomhartha in aistriú cóir CAPanna náisiúnta, rannpháirtíocht saoránach, fiontraíocht, fuinneamh, dramhaíl, an timpeallacht thógtha, talmhaíocht, LULUCF, an geilleagar ciorclach agus oiriúnú (faoi réir cheadú CATCEN)		Inrianaithe
7	Tacú le KPIanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus Tuairisciú Údaráis Áitiúil ar CAPanna ÚÁ		
7.1	Córas monatóireachta agus tuairiscithe agus ardán comhoibrithe a fhorbairt do CAPanna ÚÁ atá ar aon dul le riachtanais tuairiscithe an DECC faoin bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide	CAP2023, Treoirlínte CAP ÚÁ a dhréachtú	Inrianaithe
7.2	Cuidiú leis an earnáil monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i dtreo dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach (e.g. Monatóireacht agus Tuairisciú an SEAL).		Inrianaithe

Pacáiste Oibre 3: Oiriúnú

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Tacú le Comhstraitéisí/Comhphleananna Gníomhaíochta Údaráis Áitiúil um Oiriúnú Aeráide
- Tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú
- Leanúint d'idirchaidreamh a dhéanamh le pleananna um Oiriúnú Aeráide earnála agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre náisiúnta gaolmhara atá á gcomhordú ag an rialtas láir
- Tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn a chur ar fáil ar straitéisí/Pleananna Gníomhaíochta um oiriúnú d'athrú aeráide a chur i bhfeidhm

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Tacú leis an earnáil acmhainn a fhorbairt agus oiriúnú don aeráid a thabhairt isteach i bhfeidhmeanna agus seirbhísí ÚÁ	An Creat um Oiriúnú Náisiúnta, Straitéisí ÚÁ um Oiriúnú, DECA2030, Straitéis Oiliúna	
1.1	Obair le comhpháirtithe earnála chun tacú le pleananna agus gníomhartha um oiriúnú aeráide a chomhtháthú tríd an earnáil Údaráis Áitiúil.		Inrianaithe
1.2	Tacú leis an earnáil le forbairt líonraí i measc príomhpháirtithe leasmhara um oiriúnú aeráide.		Inrianaithe
1.3	Ionchur a sholáthar in ionchur ar leibhéal áitiúil a fhorbairt, agus tacú leis sin a theastaíonn do: <ul style="list-style-type: none"> • An Measúnú Náisiúnta Riosca Athraithe Aeráide (NCCRA) • An Creat um Oiriúnú Náisiúnta • Pleananna um Oiriúnú Earnála (8 bplean reatha, a mhéid le 13 phlean fhéideartha do gach earnáil) • An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 		Inrianaithe
2	Tacú leis an earnáil le riachtanais tuairiscithe náisiúnta	An Creat um Oiriúnú Náisiúnta	
2.1	Tuairisciú leis an DECC ar dhul chun cinn ar oiriúnú san earnáil rialtais áitiúil faoin gCreat um Oiriúnú Náisiúnta ar iarraidh sin agus faoi mar a shonraítear, chun an tuairisciú sin a chomhcheangal le tuairisciú ón CAP ÚÁ.		Inrianaithe
2.2	Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a sholáthar don CCAC nuair a iarrtar.		Inrianaithe
3	Páirt a ghlacadh i nGrúpaí Oibre Oiriúnaithe éagsúla a thacaíonn le pleanáil agus forbairt um oiriúnú don earnáil.	An Creat um Oiriúnú Náisiúnta, Straitéisí ÚÁ um Oiriúnú, DECA2030	
3.1	Ionadaíocht a dhéanamh don earnáil ÚÁ i nGrúpa Comhairleach Teicniúil Climate Ireland, casadh leis an EPA go ráithiúil freisin chun plé a dhéanamh ar chláir oibre		Inrianaithe
3.2	Tacú agus cur le Grúpa Stiúrtha agus Grúpa Oibre Teicniúil Náisiúnta na Straitéise Creimthe Cósta agus aon ghrúpa leantach cur i bhfeidhm a lorgaíonn ionchur CARO.		

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
3.3	Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Oibre Náisiúnta Réamhaisnéise Tuile agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha.		Inrianaithe
3.4	Cabhrú le gníomhaíochtaí Mhisean an AE um Oiriúnú ar fud na hEarnála ÚÁ a chur chun cinn agus a chur in iúl.		Inrianaithe
4	Tionscadail/Tionscnaimh éagsúla um Oiriúnú Aeráide CARO a sholáthar	An Creat um Oiriúnú Náisiúnta, Straitéisí ÚÁ um Oiriúnú, DECA2030	
4.1	Bainistíocht líne CARO agus maoirseacht a dhéanamh ar straitéis Údaráis Áitiúil a fhorbairt chun bóithre áitiúla agus réigiúnacha agus tionscadail ghaolmhara a oiriúnú i gcomhar leis an Roinn Iompair.		Inrianaithe
4.2	Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha chun modheolaíocht riosca agus leochaileachta athraithe aeráide d'Údaráis Áitiúla a fhorbairt agus triail phiólótach a bhaint aisti agus tuairisciú ar an méid a foghlaimíodh agus ar mholtaí d'obair amach anseo.		Inrianaithe
4.3	Tionscadal Shnáithe 2 an CAF – Tá ar ASBN, i gcomhar le Ná Fág Aon Lorg agus an BOO, le suíomhanna oiliúna agus taispeántais a fhorbairt do réitigh dhúlrahunaithe chósta.		Inrianaithe
4.4	An Grúpa Oibre um Fheasacht ar Dhumhcha i Réigiún ASBN a chomhordú agus tacú leis chun grúpaí pobail a éascú i ndumhcha a chomhordú agus a athchóiriú.		Inrianaithe
4.5	Próiseas forbartha Aip WIRE a athbhreithniú agus deiseanna a fhiosrú do rannpháirtíocht níos fairsinge agus bunachar sonraí Aip WIRE a úsáid agus bealaí a fhiosrú chun teacht ar thacair shonraí ábhartha.		Inrianaithe
4.6	Gníomhú mar pháirtí leasmhar sa chomhthionscadal taighde atá maoinithe ag GSI/an EPA/Met Éireann chun modheolaíocht a fhorbairt chun athlónadh screamhuisce a mheas agus léarscáileanna nua a chruthú do chásanna éagsúla aeráide amach anseo.		Inrianaithe
5	Bainistíocht ar Athrú Cósta		Inrianaithe
5.1	Cabhrú leis an Straitéis Náisiúnta Bainistíochta ar Athrú Cósta (NCCMS) a chur i bhfeidhm. I gcomhar le gníomhaireachtaí stáit, go háirithe an OPW agus GSI, cuidiú leo taighde a dhéanamh agus fianaise a bhailiú chun eolas a chur ar fáil do chlár freagartha fadtéarmach d'athrú cósta a bhunú.		Inrianaithe
5.2	De réir Tuarascáil Scóipeála an NCCMS agus CARO 2022, riachtanais a aithint agus a scóipeáil d'acmhainn bhreise theicniúil, chomhshaoil agus riaracháin ar leibhéal ÚÁ.		Inrianaithe
5.3	ASBS: Riachtanais treorach agus oiliúna a thabhairt chun cinn d'Údaráis Áitiúla i limistéar an chreimthe agus an athraithe cósta.		Inrianaithe
5.4	AA - Tionscadal Agora Fhís Eorpach Tacú leis an tionscadal leanúnach chun réitigh dhúlrahunaithe a fhorbairt ar chreimeadh cósta le comhpháirtithe AE/MaRIE/Comhairle Contae Chorcaí		Inrianaithe

Pacáiste Oibre 4: **Maolú**

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an SEAI san athbhreithniú ar dheiseanna atá ar fáil d'Údarás Áitiúla chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí CO2 a bhaint amach
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le hÚdarás Áitiúla i bhforbairt agus cur i bhfeidhm Aonad Fuinnimh
- Leanúint le Gníomhaireachtaí Fuinnimh a chomhordú agus le comhoibriú leo chun tabhairt faoi thionscadail chaipitil

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Tacú le Gníomhaireachtaí/Biúróna/Aonaid Fuinnimh a fhorbairt	DECA 2030	Inrianaithe
1.1	Tacú le Gníomhaireachtaí/Biúróna/Aonaid Fuinnimh a fhorbairt nuair is gá ar fud réigiúin CARO. Tacaíochtaí réigiúnacha a thabhairt chun cabhrú le ÚÁanna tionscadail Chlár Pathfinder an SEAI a thabhairt chun cinn i ngach réigiún.		Inrianaithe
2	Tacú le ról Údarás Áitiúil sa Straitéis Náisiúnta Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025 a chur i bhfeidhm	Electric Vehicle Charging Strategy 2022-2025	Inrianaithe
2.1	Páirt a ghlacadh i nGrúpaí Oibre éagsúla ZEVI agus ionchur a chur ar fáil dóibh.		Inrianaithe
2.2	Páirt a ghlacadh agus ionchur a sholáthar don earnáil Údarás Áitiúil ar bhonn réigiúnach chun comhstraitéisí bonneagair EV a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.		Inrianaithe
3	Obair a bhaineann leis an SEAI/Fuinneamh	DECA 2030, CAP2021 - Public Sector Targets	Inrianaithe
3.1	Obair leis an SEAI chun ról Údarás Áitiúil a fhorbairt i dtaobh Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe a sholáthar.		Inrianaithe
3.2	Tacú le agus ionchur a sholáthar isteach i líonra Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (EPO) an SEAI i gcomhar leis an SEAI agus an LGMA.		Inrianaithe
3.3	Obair leis an SEAI chun ról Údarás Áitiúil a scóipeáil agus a fhorbairt, b'fhéidir, ó thaobh Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe a sholáthar. Idirchaidreamh a dhéanamh le Foireann Pobail an SEAI chun clár an SEC a chur chun cinn.		Inrianaithe
3.4	A fhiosrú leis an SEAI an dteastaíonn tacaíochtaí breise ó ÚÁanna chun forbairt agus cur i bhfeidhm níos mó Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe a éascú.		
3.5	Cuidiú le ÚÁanna na cláir foirgneamh a fhorbairt mar is gá i dtimthriall tuairiscithe 2024 an SEAI ar chóras monatóireachta agus tuairiscithe an SEAI. Bainte amach trí thacú le Biúróna Fuinnimh agus Gníomhaireachtaí Fuinnimh.		Inrianaithe

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
4	Tionscadail/Tionscnaimh éagsúla Mhaolaithe Aeráide CARO a sholáthar	DECA 2030, CAP2021 - Spriocanna don Earnáil Phoiblí	Inrianaithe
4.1	I gcomhar le CCMA agus an LGMA, an Tionscadal An Flít Údaráis Áitiúil a Athshamlú agus é a chur chun feidhme i measc Údaráis Áitiúla mar straitéis dícharbónaithe flít.		Inrianaithe
4.2	Tabhairt faoi chéim indéantachta chun gradam ‘Campas Glas’ a fhorbairt d’áiseanna Údaráis Áitiúil.		Inrianaithe
4.3	ASBS: Ionchur bhainistíocht/bhainistíocht líne/thuairisciú CARO i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Iompair, chun an tionscadal scóipeála ar dhícharbónú bóithre a thabhairt chun cinn.		Inrianaithe
4.4	Caidreamh a chur ar bun agus a fhorbairt leis an Roinn Iompair chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach ar chlár soghluaisteachta inbhuanaithe agus bainistíochta éilimh ar leibhéal Údaráis Áitiúil.		Inrianaithe

Pacáiste Oibre 5: Oiliúint agus Oideachas

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Comhaontú seirbhíse ilbhliantúil a choimeád leis an DECC chun maoiniú a rialú d'Oiliúint Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide
- An Plean Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe straitéiseacha agus oiliúint á soláthar cosúil le: CCMA, an LGMA, an SEAI, Climate Ireland, an IPA, an OPW agus Met Éireann, etc.
- Leanúint ag obair go dlúth le LASNTG chun oiliúint a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar agus creidiúnú oiliúna a fháil mar a theastaíonn

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Obair go dlúth le Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil chun oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar	Straitéis Oiliúna an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhaontú Seirbhíse an Chláir Oiliúna	Inrianaithe
2	An Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2020-2023 iomlán (le críochnú ag deireadh Ráithe 1 2024)	Straitéis Oiliúna an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhaontú Seirbhíse an Chláir Oiliúna	Inrianaithe
2.1	Oiliúint a chur i gcrích don fhoireann taobh amuigh faoin gcolún 'Gníomh a Sholáthar' agus don fhoireann a dhéileálann leis an bpobal faoin gcolún 'Athrú a Chumasú'.		Inrianaithe
2.2	Na sonraí oiliúna go léir a athbhreithniú agus a bhailiú faoin gclár oiliúna 2020-2023 faoi dheireadh Ráithe 1 2024.		Inrianaithe
3	Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil a thionól chun maoirseacht a dhéanamh ar Phlean Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt		Inrianaithe
3.1	Tabhairt faoi anailís ar riachtanais oiliúna chun eolas a chur ar fáil do riachtanais oiliúna amach anseo.		Inrianaithe
3.2	Comhpháirtithe straitéiseacha a fhostú chun oiliúint a sholáthar amach anseo.		Inrianaithe
3.3	Plean oiliúna amach anseo a fhorbairt a dhéanfar a fhorhuiniú trí Choiste CATCEN.		Inrianaithe
3.4	Idirchaidreamh a dhéanamh leis an DECC chun tacaíocht a fháil leis an gclár oiliúna a chur i bhfeidhm.		
4	Idirchaidreamh a dhéanamh leis an DECC chun an comhaontú seirbhíse oiliúna 2024-2027 a chur chun cinn faoi dheireadh Ráithe 1 a thosófar i Ráithe 2.		Inrianaithe
5	Cúrsaí sonracha oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis na CAPanna ÚÁ a chur i bhfeidhm, ar aon dul le plean oiliúna 2024-2027	An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 dréacht-treoirlínte CAP ÚÁ a dhréachtú	Inrianaithe

Pacáiste Oibre 6: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Maintain communications between CAROs and all relevant stakeholders at county, regional, national and sectoral levels
- Maintain and keep CARO website up to date including: regular news items, LA case studies, review of knowledge hub and general maintenance
- Support National Dialogue, Community Climate Conversation and Climate Literacy initiatives
- Support Local Authorities with provision of content and branding to assist them in their communication of the implementation of their climate action plans

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Suíomh Gréasáin CARO a chothabháil agus a nuashonrú mar thaisclann eolais agus fóram comhoibríoch d'fhoirne Údaráis Áitiúil	CARO Business Case, CARO Communications Strategy	Inrianaithe
1.1	An t-ábhar a nuashonrú le míreanna nuachta, uirlisí cumarsáide taighde, cás-staidéir, imeachtaí, oiliúint etc.		Inrianaithe
1.2	Struchtúr an tsuímh gréasáin faoi láthair a athbhreithniú agus moltaí a chur i bhfeidhm.		Inrianaithe
2	An gá agus an glacadh le nuachtlitir ráithiúil a athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar dheireadh a chur léi. R1 2024	Cás Gnó CARO, Straitéis Cumarsáide CARO	Inrianaithe
3	Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm Thionscadal CCMA / na gCumann Glas CLG: Ballraíocht de Ghrúpa Stiúrtha agus Oibre na gCumann Glas	DECA 2030, CCMA/ GAA Partnership	Inrianaithe
3.1	Cur le Grúpa Stiúrtha na gCumann Glas chun idirchaidreamh a chur chun cinn idir Údaráis Áitiúla agus cumainn CLG chun glacadh leis an gclár a chur chun cinn		Inrianaithe
4	Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla chun an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a thabhairt isteach.	An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus creat Shnáithe 1, tacaíocht an DECC d'acmhainní	Inrianaithe
5	Tacaíocht a sholáthar don Phlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus na Comhráite ar an Aeráid, e.g. freastal ar imeachtaí ábhartha, nuashonruithe a sholáthar, eolas a scaipeadh ar an earnáil agus eolas a bhailiú.	CAP2021	Inrianaithe
6	Tionscadail/Tionscnaimh éagsúla Chumarsáide Aeráide CARO a sholáthar	Various	Inrianaithe
6.1	Snáithe 2 an CAF – Tacú, i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe agus leis na 5 ÚÁ in ASBN, le sraitheanna straitéisí an Tionscadail Climate Connected a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do na 5 DZ sa réigiún.		Inrianaithe
6.2	Aontú le prótacail bhrandála d'obair CARO le hoifigí cumarsáide an LGMA/CCMA/an DECC, mar a bhaineann siad le foilseacháin CARO.		Inrianaithe

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
6.3	Freastal ar agus tacú agus cur le himeachtaí aeráide/for-rochtana/poiblí de chuid Údarás Áitiúil agus páirtithe leasmhara eile, mar a iarrtar.		Inrianaithe
6.4	Tacú le brandáil agus eolas an Rialtais a scaipeadh do ghníomhú ar son na haeráide chun an glacadh leis ar fud na hearnála a chur chun cinn.		Inrianaithe
7	Acmhainní Cumarsáide a Fhorbairt do ÚÁanna		Inrianaithe
7.1	Deiceanna sleamhnán agus teimpléid chaighdeánacha a fhorbairt ar théamaí éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide lena n-úsáid ag gach Údarás Áitiúil.		Inrianaithe
7.2	Brandáil agus ábhar meán a fhorbairt trí chomhoibriú le foinsí inchreidte agus iontaofa, cosúil le Met Éireann agus Climate Ireland, d'Údaráis Áitiúla chun cur i bhfeidhm an CAP ÚÁ agus tionscnamh gaolmhar spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur in iúl ar fud na hearnála Údaráis Áitiúil.		Inrianaithe
7.3	Cás-staidéir um ghníomhú ar son na haeráide a bhailiú agus a dhréachtú lena n-úsáid ag ÚÁanna i gcumarsáid phoiblí chun ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn agus mar uirlis oideachais.		Inrianaithe

Pacáiste Oibre 7: Forbairt Eolais

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Comhoibriú le hinstiúidí 3ú leibhéal thar ceann na hearnála rialtais áitiúil i limistéir a bhaineann le taighde agus tionscnaimh ar ghníomhú ar son na haeráide
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde, grúpaí stiúrtha, grúpaí oibre agus measúnuithe ábhartha, faoi mar is cuí
- Páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhordaithe Taighde Aeráide an EPA

Uimh	Gníomh	Beartas	KPI/Rianú
1	Fardal maoinithe atá ar fáil a choimeád do thaighde agus tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide agus iad a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin CARO	CARO Straitéis Cumarsáide	Inrianaithe
2	Idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe ábhartha laistigh de chomhthéacs AE/Idirnáisiúnta chun an méid a foghlaimíodh ó aeráid rialtas áitiúil na hÉireann a roinnt, teacht ar dheachleachtas, agus don fhoghlaim idir píaraí, e.g. Clímate NI, Cúnant na Méaraí, Misin an AE	DECA 2030	Inrianaithe
3	Comhpháirtithe oibre a fhail chun tacú le hAthnuachan Gheilleagrach Uirbeach um Nuálaíocht Fiontraíochta Turasóireachta Gnó (BTEIUSER) CCMA agus le Deiseanna Geilleagracha ón nGrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide chun cumarsáid ar dheiseanna geilleagracha a chur chun cinn a eascraíonn as ghníomhú ar son na haeráide, agus aschur a sholáthar.	DECA 2030	Inrianaithe
4	Leanúint ag tacú le tionscadail ábhartha taighde 3ú leibhéal/ comhpháirtithe agus eolas ábhartha a scaipeadh i measc údaráis áitiúla (iad siúd thíos agus údaráis eile ina measc) agus de réir mar a thiocfaidh deiseanna aníos	DECA 2030, CARO Communications Strategy, LA CA Training Strategy	Inrianaithe
4.1	Cuidiú le Tionscadal Píolótach na nDíonta Glasa, ag obair le UCD chun réitigh dhúlrbhunaithe a thástáil ar dhíonta ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.		Inrianaithe
4.2	ASBS: Cork Co Co Flooding & Coastal Unit / UCC Engineering x 2 PhD students working on coastal erosion.		Inrianaithe
5	Ionadaíocht a dhéanamh don earnáil sa Ghrúpa Náisiúnta um Chomhordú Taighde Aeráide	DECA 2030, LA CA Training Strategy	Inrianaithe

Aguisín 2: Giorrúcháin

ASBN	Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh
ASBS	Bord Farraige an Atlantaigh Theas
CARO	An Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide
CATCEN	An ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí
CCAC	An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
CCMA	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
SDDS	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil anois)
DM	Cathair Bhaile Átha Cliath
DHLGH	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
DZ	Crios Dícharbónaithe
EM	An tOirthear agus Lár Tíre
AE	An tAontas Eorpach
EVCP	Pointe Luchtaithe Feithiclí Leictreacha
CLG	Cumann Lúthchleas Gael
HVO	Ola Phlandúil Hidreachóireáilte
PTF	Príomhtháscaire Feidhmíochta
CAP ÚÁ	Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide
LASNTG	An Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil
LGMA	An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
MaREI	Marine Renewable Energy Ireland
NbS	Réitigh Dhúlrahunaithe
NCCMS	An Straitéis Náisiúnta Bainistíochta ar Athrú Cósta
NCCRA	An Measúnú Náisiúnta Riosca Athraithe Aeráide
NGO	Eagraíocht Neamhrialtasach
NOAC	An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
SDG	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
UoG	Ollscoil na Gaillimhe
UCC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Aguisín 3: Tuarascálacha, doiciméid, agus físeáin a dtagraítear dóibh i dTuarascáil Bhliantúil CARO 2024

Tuarascálacha agus Doiciméid

1. Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030
 - [Doiciméad straitéise ina dtreoraítear gníomhú an rialtais áitiúil ar son na haeráide](#)
2. An Straitéis Náisiúnta Bainistíochta ar Athrú Cósta
 - [Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Roinne](#)
3. An Straitéis Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
 - [Ar fáil ar gov.ie](#)
4. Dícharbónú Fhlít an Údaráis Áitiúil
 - [Treoir maidir leis an gCóras Bainistíochta Flít](#)
5. Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ) 2024-2029
 - [Glacadh agus foilsíodh gach ceann de na 31 plean](#)
6. Tuarascálacha Páirtithe Leasmhara CAP ÚÁ
 - [Anailís ar ról páirtithe leasmhara i bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide](#)
7. Tuarascálacha Earnála CAP ÚÁ
 - [Miondealuithe ar ghníomhartha ar son na haeráide a bhaineann go sonrach le hearnáil](#)
8. Tuarascáil ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023
 - [Foilsithe ag an nGrúpa Oibre Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú an Rialtais Áitiúil ar son na hAeráide](#)
9. Tuarascáil Mheastóireachta Deiridh EMERGE
 - [Tionscadal Oiliúna agus Meantóireachta Pobail an Aistrithe Chóir](#)
10. Tuarascáil an Scórchárta um Oiriúnú d'Athrú Aeráide
 - [Dul chun Cinn ar fud na hEarnála ar Straitéisí Oiriúnaithe](#)
11. Tuarascáil ar Thionscadal Píolótach na nDíonta Glasa
 - [Tuarascáil taighde ar réitigh dhúlrbhunaithe do rith chun srutha uirbeach](#)
12. Tionscadal Minority Report
 - [Tionscadal ceannródaíoch atá tiomnaithe do theacht aniar daonraí uirbeacha leochaileacha agus dá dtimpeallachtaí tógtha a fheabhsú in aghaidh imeachtaí suaiteacha aeráide](#)
13. Misean an AE do 100 Cathair atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de agus Cliste
 - [Tionscadal píolótach um ghníomhú ar son na haeráide uirbeach sistéamach a bhunathrú](#)
14. Clár Oibre Bliantúil CARO 2024

Tá an clár seo leagtha amach ina sheacht bpacáiste oibre, féach leathanach 68 san aguisín




Videos

1. Físeán an Fheachtais ‘Múch an tInneal agus Tú ag Fanacht’
 - [Fógra 30 soicind i mBéarla agus i nGaeilge do Sheachtain an Aeir Ghlain](#)
2. Saotharlann Cáilíochta Uisce Chomhairle Contae Chorcaí
 - [Físeán ina dtaispeántar grianphainéil á n-úsáid](#)
3. Céad Fhoirgneamh nZEB Chomhairle Contae Chiarraí
 - [Físeán ina dtugtar dearadh foirgnimh inbhuanaithe chun solais](#)

Websites Referenced in the Report

1. Suíomh Gréasáin CARO
 - <https://www.caro.ie>
 - Cuirtear tuarascálacha, cás-staidéir, acmhainní oiliúna, agus uirlisí um ghníomhú ar son na haeráide ar fáil
2. Dunes.ie
 - <https://www.dunes.ie>
 - Suíomh tiomnaithe d’acmhainní oiriúnaithe cósta, léarscáiliú dumhcha agus treoracha maidir le caomhnú
3. An Tionscadal Climate Connected
 - <https://www.climateconnected.ie>
 - Sraith straitéisí agus mol roinnte eolais um ghníomhú ar son na haeráide faoi stiúir an phobail
4. Suíomh Gréasáin an LGMA
 - <https://www.lgma.ie>

Aguisín 4: Íomhánna sa Tuarascáil

Lch	Íomhá	Teideal	Lch	Íomhá	Teideal
Clúdach		An tAire Eamon Ryan agus Liam Conneely, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Gaillimhe, imeacht líonraithe CARO 2024 – an Clár	32		Foghlaim Theagmhálach: Ceardlann Oiliúna Pobail Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha
2-3		Foghlaim Theagmhálach: Ceardlann Oiliúna Pobail Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha	40		An Cladach, Cathair na Gaillimhe
10		Foghlaim Theagmhálach: Ceardlann Oiliúna Pobail Oiriúnaithe Aeráide Tránna agus Dumhcha	46		Ar an Talamh sa Chlár: Foirne Údaráis Áitiúil agus CARO i rith cuairt allamuigh – Imeacht Líonraithe CARO 2024
14		Ar an Talamh sa Chlár: Foirne Údaráis Áitiúil agus CARO i rith cuairt allamuigh – Imeacht Líonraithe CARO 2024	53		Rannpháirtíocht Páirce: Foirne Údaráis Áitiúil agus CARO i nGníomh – Imeacht Líonraithe 2024 – an Clár
18		Cruinniú Ghrúpa Bainistíochta CARO ag Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach, Maigh Eo	62		Droichead Coisithe Nua, Cathair na Gaillimhe – Nascacht Uirbeach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe a Fheabhsú
24		An tAire Eamon Ryan agus Liam Conneely, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Gaillimhe, imeacht líonraithe CARO 2024 – an Clár	67		Trá Bertra, Maigh Eo



CARO



**Atlantic
Seaboard
North CARO**



caro@mayococo.ie



**Dublin
Metropolitan
CARO**



caro@dublincity.ie



**Atlantic
Seaboard
South CARO**



caro@corkcoco.ie



**Midlands &
Eastern
CARO**



caro@kildarecoco.ie